Comhpháirtíochtaí  
taighde le

# 4,472

institiúid  
idirnáisiúnta  
in 144 tír



# 59.7%

de pháipéir  
thaighde le  
comhúdair  
idirnáisiúnta

## clú & cáil

I measc an

# 1%

is fearr  
d'ollscoileanna  
ar domhan

10 ÉAGOTHROIME  
LAGHDATHE



**SDG10**  
**Ranguithe**  
**Tionchair THE**

Éagothroime  
Laghdaíthe rangaithe  
ag 62 as 669 institiúid  
ar fud an domhain

Sa **238** ú  
**háit i Ranguithe**  
**Ollscoile QS**  
**an Domhain**



5 COMHIONANNAS  
INSCNE



**SDG5**  
**Ranguithe**  
**Tionchair THE**

Comhionannas  
Inscne rangaithe ag  
71 as 776 institiúid ar  
fud an domhain



I measc an

# 350

Ollscoil is fearr  
de réir Ranguithe  
Ollscoile an  
Domhain de  
chuid Times  
Higher Education



Ar thús  
cadhnaíochta  
sa domhan i  
**19 n-ábhar**, de  
réir ranguithe QS

## taighde & nualaíocht

# €65m

i ndámhachtainí  
maoinithe taighde  
iomaíochas sa bhliain



# 249

teicneolaíocht  
nua



# €70m

ioncam ó  
thaighde  
díreach

# 5 de na Taighdeoirí

is Mó a Luaitear ar Domhan, de réir  
Clarivate Analytics

# €110m

ó mhaoiniú Dheiseanna  
Nua 2020 an AE



# 48

paitinn

# 45+


tionscadal agus tionscnamh  
taighde a bhaineann le  
COVID-19 mar shampla:

- Feistí dí-éillithe a sheachadadh
- Téarnamh fadtéarmach a fheabhsú
- Mearthástáil fola ar antasubstaintí
- Tacú le teagasc STEM ar líne
- Daoine óga ag déanamh taighde ar COVID-19 do dhaoine óga
- Tuiscint a fháil ar conas is féidir le rialtais dul i ngleic le Tuirse COVID
- Cumarsáid idir theaghlaigh in ICU (**Buaiteoir Freagartha Náisiúnta COVID-19** ag Gradaim Knowledge Transfer Ireland 2020)



Flor 2: Sonraí faoi OÉ  
Gaillimh 2020

# 2. Saintréithe Éagsúlachta Foirne



Seoladh ár dtionscnaimh bailithe sonraí - *Eanáir 2021*

Agus an clár EDI á fhorbairt i gcónaí in OÉ Gaillimh, tá súil againn príomhstaitisticí éagsúlachta (féiniúlacht inscne, reiligiún, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, eitneachas, agus míchumas) a bhunú dár gcomhaltáí foirne. Dá bhrí sin, táimid ag iarraidh ar ár gcomhghleacaithe a dtréithe éagsúlachta pearsanta a nochtadh sa chuid nua a bhaineann le hÉagsúlacht ar thairseach Féinseirbhíse na bhFostaithe (ESS). Is próiseas simplí é seo a thógfaidh thart ar 3 nóiméad. Go dtí seo líon 800 comhghleacaí a saintréithe éagsúlachta.

Tá an fhaisnéis seo tábhachtach ar roinnt cúiseanna:

- Is tábhachtach sonraí a thuiscint nuair atá míbhuntáiste agus gannionadaíocht in OÉ Gaillimh, agus cuirfidh siad ar ár gcumas bearta spriocdhírthe a cheapadh chun dul i ngleic le míbhuntáiste agus chun an míbhuntáiste sin a mhaolú. Faoi láthair, tá bearnaí suntasacha sna sonraí éagsúlachta san ollscoil.
- Is príomhghné é bailiú sonraí maidir le héagothroime a aithint, gníomhaíocht a thionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas, agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a theastaíonn de réir mar a éilíonn an Earnáil Phoiblí agus an Dualgas ar Chearta an Duine agus Plean Straitéiseach OÉ Gaillimh don Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.
- Mar chuid d'obair leanúnach an ÚAO ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú foirne, agus tar éis sonraí a bhailiú faoi chomhaltáí foirne na nInstitiúidí Ardoideachais de réir inscne, tá ar gach Institiúid Ardoideachais sonraí eitneachta foirne a chur ar fáil don Údarás ó mhí na Nollag 2020. Ar deireadh, cuimseoidh sé seo chomh maith bailiú agus tuairisciú sonraí comhionannais maidir leis na 9 dtréith chosanta faoi reachtaíocht chomhionannais na hÉireann, chuig an ÚAO.
- Cuireann sonraí maidir le héagsúlacht ar ár gcumas machnamh a dhéanamh ar an trasnú idir inscne agus eitneacht, inscne agus míchumas agus mar sin de agus muid ag cur ar n-iarratais institiúideacha Athena SWAN i dtoll a chéile, agus machnamh níos leithne a dhéanamh ar thréithe na héagsúlachta.

## Cén chaoi a n-úsáidfead é?

Déanfar faisnéis phearsanta a nochtar tríd an rannán Éagsúlachta ESS a chomhiomlánú agus a thuairisciú ar leibhéal institiúideach amháin, agus ní bheidh aon duine inaitheanta sa phróiseas. Tá an fhoireann i gceannas ar an bhfaisnéis sin féadfaidh siad í a thabhairt cothrom le dáta nó a bhaint ag am ar bith. Déanfar na sonraí pearsanta go léir a bhainistiú de réir Pholasaí Cosanta Sonraí na hOllscoile, Achtanna um Chosaint Sonraí agus GDPR.

## Cén chaoi a mbaileofar na sonraí seo?

Iarrtar ar chomhaltáí foirne a dtréithe éagsúlachta a nochtadh go hiomlán faoi rún ar rannán Éagsúlachta ESS ar CorePortal. Déantar an t-eolas seo a nochtadh go deonach agus go rúnda chun cuidiú leis an Ollscoil éagsúlacht agus ionadaíocht i measc na foirne a rianú. Is féidir teacht ar an rannán Éagsúlachta ar Core Portal [anseo](#).





# 3. Creat Dlíthiúil

## An Treoir Inrochtaineachta Gréasáin



Sna chéad trí thuarascáil bhliantúla EDI chuireamar faisnéis ar fáil faoin gcreat leathan dlí a thacaíonn le clár oibre EDI san Ardoideachas in Éirinn. I dtuarascáil 2018-2019 bhí gné speisialta freisin ar Dhualgas na hEarnála Poiblí. Ba mhaith linn aird a tharraingt i mbliana ar an Treoir Inrochtaineachta Gréasáin, **Treoir (AE) 2016/2102 maidir le hinrochtaineacht láithreáin gréasáin agus feidhmchláir mhóibileacha i gcás comhlachtaí san earnáil phoiblí**, a seoladh anuraidh agus a bhfuil tionchar aige ar gach comhalta foirne teagaisc agus ar a lán comhaltaí foirne sna Seirbhísí Gairmiúla ar fud OÉ Gaillimh.

Tá sé mar aidhm ag an Treoir Inrochtaineachta Gréasáin láithreáin ghréasáin agus feidhmchláir mhóibileacha na hearnála poiblí a dhéanamh níos inrochtana, agus caighdeán éagsúla a chomhoiriúnú laistigh den AE, ag laghdú na gconstaicí a bhíonn roimh fhorbróirí táirgí agus seirbhísí a bhaineann le hinrochtaineacht. Ligfidh sé seo do shaoránaigh an AE, go háirithe iad siúd atá faoi mhíchumas, rochtain níos fearr a fháil ar sheirbhísí poiblí, bunphrionsabal a bhaineann le **Clár Oibre Digiteach don Eoraip** agus **Plean Gníomhaíochta ríomhRialtais 2016-2020** de chuid an AE.

Ní mór do thíortha an AE a chinntiú go bhfuil láithreáin ghréasáin agus feidhmchláir mhóibileacha comhlachtaí san earnáil phoiblí 'níos inrochtana', go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas, trína chinntiú go mbeidh siad 'inbhraite, inoibríte, sothuigte agus láidir'. Leagfar amach an caighdeán inrochtaineachta i gcaighdeán comhoiriúnaithe Eorpach. In éagmais caighdeán comhoiriúnaithe, ba cheart gurb iad na codanna ábhartha de **Chaighdeán Eorpach EN 301 549 V1.1.2 (2015-04)** an caighdeán inrochtaineachta ábhartha, mar aon le sonraíochtaí teicniúla d'fheidhmchláir mhóibileacha.

Ní mór do chomhlachtaí san earnáil phoiblí ráiteas cuimsitheach soiléir a chur ar fáil ar an gcaoi a gcomhlíonann a láithreáin ghréasáin agus a bhfeidhmchláir mhóibileacha an treoir seo, lena n-áirítear:

- míniú ar aon ghnéithe inrochtana, agus eolas maidir le roghanna inrochtana eile;
- sonraí faoin gcaoi ar féidir le húsáideoir aon teip ar chomhlíonadh na treorach seo a thuairisciú, agus faisnéis a iarraidh nach dtagann faoi raon feidhme na treorach seo;
- nasc le meicníocht ghearáin mura bhfuil an freagra leordhóthanach.

Tá feidhm ag an Treoir seo ón 23 Meán Fómhair 2020 do gach láithreán gréasáin a bhaineann le comhlachtaí na hearnála poiblí, agus ón 23 Meitheamh 2021 d'fheidhmchláir mhóibileacha a bhaineann le comhlachtaí na hearnála poiblí. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach: **Inrochtaineacht ghréasáin** (An Coimisiún Eorpach).

Tá foireann an tionscadail Foghlama Cuimsithí, faoi stiúir an Dr Shivaun Quinlivan agus an Dr Lucy Ann Buckley, Scoil an Dlí, tar éis Ally for LMS a thabhairt isteach, uirlis bogearraí inrochtaineachta, a chabhraíonn leis an bhfoireann agus leis na mic léinn a chinntiú go bhfuil ábhair foghlama inrochtana. Ligeann Ally don fhoireann inrochtaineacht a n-ábhar a mheas agus iad a threorú ar conas na hábhair sin a dhéanamh níos inrochtana. Féadfaidh mic léinn a gcuid ábhar foghlama a íoslódáil i bhformáidí éagsúla. Tá Ally for LMS ar fáil don Ollscoil ar fad agus seoladh é i mí an Mhárta 2020. I dtréimhse 12 mhí, lainseáil mic léinn an fhuinneog Formáidí Malartacha níos mó ná 110,000 uair, agus rinneadh níos mó ná 62,000 íoslódáil. Mar sin féin, is fearr mar a chuireann ár gcuid mac léinn síos ar thábhacht na huirlise seo ná uimhreacha ar bith:


**'...mar dhuine [a bhfuil lagú amhairc ag gabháil dom] tá sé i bhfad níos éasca orm léamh le cabhair BeeLine Reader. Is mór agam freisin gur féidir liom rochtain dhíreach a fháil ar an téacs malartach, gan cúnamh a iarraidh. Fágann sé go bhfuil an próiseas iomlán beagnach gan stró.'**

Bronnann Ally scór instiúideach ar na hábhair theagaisc go léir a uaslódáil – thart ar 38% atá sé seo faoi láthair, méadú ó scór bonnlíne na bliana seo caite de 33%. Tá 38% fós íseal, agus mar sin, sa bhliain acadúil atá le teacht molfaimis dóibh siúd a bhfuil baint acu le teagasc agus le tacú le foghlaim na mac léinn úsáid ghníomhach a bhaint as Ally, chun foghlaim chuimsitheach a chur chun cinn agus chun tacú léi ar mhaithe lenár gcuid mac léinn. **#turnthediagreen**



# 4. Gné-alt:

## Ceiliúradh 5 bliana Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta (OVPED)



Bunaíodh an OVPED i Meán Fómhair 2016. Tá an-áthas orainn ceiliúradh a dhéanamh ar 5 bliana ar an bhfód in 2021! Ba iad an tOllamh Anne Scott, Leas-Uachtarán Comhionannais agus Éagsúlachta, a thosaigh sa phost i mí an Mheithimh 2016, agus Aoife Cooke, Ceannasaí Comhdheiseanna, a ceapadh i mí Lúnasa 2016 na chéad chomhaltai foirne san oifig. Tháinig Lorna Cormican (Iúil – Samhain 2016), Brídín Nic Dhonncha (Nollaig 2016 – Iúil 2017), Tonya Watts (Meitheamh 2017 – Eanáir 2020), Gráinne Morahan (Feabhra – Lúnasa 2020) agus Niamh Gallagher go deiridh i mí na Samhna 2020 chun oibre le hAoife agus Anne. Bhí an-áthas orainn freisin fáilte a chur roimh an Dr Lorraine Grimes (Deireadh Fómhair 2020 – Feabhra 2021) agus go deireadh an Dr Laura Loftus i Márta 2021. Is taighdeoiri iardhoctúireachta iad Lorraine agus Laura. Tá Laura ag obair linn ar Athena SWAN.

Is iomaí rud a tharla le 5 bliana anuas agus fuair foireann OVPED tacaíocht shuntasach ó gach cearn de phobal OÉ Gaillimh. Le linn na tréimhse sin, caitheadh go leor ama ag réiteach fadhbanna práinneacha, ach rinneadh dul chun cinn suntasach agus fíorathrú córasach freisin, lena n-áirítear ár mbonneagar EDI a bhunú, clár oibre, agus struchtúir rialachais EDI a leabú ar fud na hOllscoile. Rinneamar ár gcéad dá phlean gníomhaíochta comhionannais inscne (GEAP) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm – inar ndearnadh comhtháthú ar mholtai ó Thascfhórsa Comhionannais Inscne OÉ Gaillimh, Athbhreithniú an ÚAO (2016) ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann, Plean Gníomhaíochta Inscne Mitchell O'Connor (2018) agus ár bPlean Gníomhaíochta Athena SWAN (2017). Déanaimid monatóireacht ghníomhach ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh maidir leis na Pleananna Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm, agus tuairiscítear nuashonruithe gach dara mí do UMT, EDICC, agus EDIC. Uaslódáiltear na tuairiscí seo ar an dul chun cinn ar ár láithreán gréasáin gach **dhá mhí**.

Tá go leor bainte amach againn in achar gearr ama, mar gheall ar an bhfuinneamh agus an tiomantas ollmhór atá ag roinnt mhaith comhghleacaithe atá ag obair ar fud na hOllscoile, lena n-áirítear baill na bhFoirne Féinmheasúnaithe institiúideacha agus roinne Athena SWAN, baill Choiste Campais EDI (EDIC), Choiste EDI de chuid Údarás na hOllscoile (EDIC) agus an Ghrúpa Oibre do Chur i bhFeidhm an Chreata Toilithe (CFIWG). Mar sin

féin, tá go leor le déanamh againn thar roinnt réimsí agus foras EDI, ina measc comhionannas inscne. Le foilsiú na straitéise nua EDI (2020-2025) táimid ag cur clár oibre forásach EDI in OÉ Gaillimh in iúl, agus táimid ag leagan amach ár dtreo do na 5 bliana amach romhainn ina mbeidh comhionannas inscne mar bhunchloch de chultúr claochlaitheach comhionannais, cuimsithe agus measa inár n-ollscoil.

### Tionchar a baineadh amach

Sa dá shuirbhé a rinneamar ag ár gcruinniú oscailte Athena SWAN ar an 1 Feabhra 2021, d'aontaigh 78% agus 90% faoi seach díobh siúd a bhí i láthair go raibh feabhas tagtha ar dhiseanna do mhna in OÉ Gaillimh le 4 bliana anuas.

Tá struchtúr soiléir rialachais tugtha isteach againn le haghaidh EDI ar fud na hOllscoile, a bhaineann lenár scoileanna agus ár n-aonaid, ár struchtúr stiúthóireachta do sheirbhísí coláiste agus tacaíochta, agus UMT agus Údarás na hOllscoile.


Tá próiseas, cleachtas agus meicníochtaí chun monatóireacht agus feasacht rialta ar inscne a áirithiú inár bpríomhphróisis chinnteoireachta tugtha isteach agus á bpríomhshruthú. Mar shampla:

- Measúnú Tionchair Comhionannais ar gach polasaí nua agus athbhreithnithe
- Monatóireacht ar earcaíocht
- Athchóiriú iomlán ar phróisis ardaithe céime acadúla ar leibhéal Léachtóra Shinsearaigh agus Ollaimh araon

Áirítear anseo:

- Leas-Déin EDI a cheapadh i ngach ceann dár 4 choláiste
- Coistí EDI ag leibhéal na scoile agus an choláiste
- Coiste EDI mar chomhpháirt den Fhóram Stiúthóirí Seirbhísí Tacaíochta (SSDF)
- Bunaíodh Coiste Campais EDI i mí na Samhna 2016; Coiste Rialachais EDI i mí an Mheithimh 2017, agus Fóram na Stiúthóirí Seirbhísí Tacaíochta, coistí Coláiste agus Scoile thar na blianta ó 2017-2019. Ceapadh an ceathrar Leas-Déan EDI ina róil idir an Bhliain Acadúil 2017/18 agus 2018/19.


Fíor 3: Struchtúr Rialachais EDI OÉ Gaillimh



An tOllamh Anne Scott



Aoife Cooke




Brídín Nic Dhonncha



Lorna Cormican



Tonya Watts




Gráinne Morahan



An Dr Lorraine Grimes



Niamh Gallagher



An Dr Laura Loftus

## Arduithe Céime chuig Léachtóir Sinsearach

Tá trí bhabhta ardaithe céime go Léachtóir Sinsearach curtha i gcrích ó 2016. Mar thoradh ar bhabhta 2016/17 tugadh ardú céime do 33 comhalta foirne. Ba mhná a fuair 57.8% de na harduithe céime chuig Léachtóir Sinsearach – i bhfad níos mó ná an ionadaíocht ban 52% sa ghrúpa incháilithe LAB, agus mar sin os cionn na gceanglas maidir le cuóta cascáide. Chuir an babhta ardaithe céime sin feabhas ar % na mban ag grád an Léachtóra Shinsearaigh ó 33% go 40%. Tugadh ardú céime chuig Léachtóir Sinsearach do 29 comhalta foirne i mbabhta 2019/20, ba mhná iad 19 acu sin (66%). Neartaíonn sé seo go mór líon na mban atá incháilithe iarratas a dhéanamh ar ardú céime go hOllúnacht sa todhchaí (féach Táblaí 1 & 2).

Mar thoradh ar arduithe céime acadúla agus feachtais earcaíochta, tháinig méadú ar ionadaíocht na mban i ngráid acadúla shinsearaigh. Tá feabhas tagtha ar chion na mban ag grád an Léachtóra Shinsearaigh ó 33% go 46% agus tá feabhas tagtha ar chion na mban ag grád na hOllúna Pearsanta ó 16% go 28%. Ar an iomlán, faoi láthair is mná iad 23.7% de na hOllúna (Ollamh Bunaithe & Ollamh Pearsanta) agus tá sé seo ag teacht leis na spriocanna GEAP 2020/21 atá againn (féach Fíor 4).

Iarratais ar an Scéim Ardaithe Céime chuig Léachtóir Sinsearach 2019/20				
	Fir	Mná	Iomlán	% Mná
Iarratais Iomlána	25	28	53	53%

Iarratais ar éirigh leo ar an Scéim Ardaithe Céime chuig Léachtóir Sinsearach 2019/20				
	Fir	Mná	Iomlán	% Mná
Líon iomlán na n-iarratas rathúil	10	19	29	66%

Tábla 1

Iarratais ar an Scéim Ardaithe Céime chuig Ollamh Pearsanta 2017 go 2020																
	2017				2018				2019				2020			
	Fir	Mná	Iomlán	% Mná	Fir	Mná	Iomlán	% Mná	Fir	Mná	Iomlán	% Mná	Fir	Mná	Iomlán	% Mná
Iarratais Iomlána	7	3	10	30%	16	11	27	41%	4	4	8	50%	5	4	9	44%

Iarratais ar éirigh leo ar an Scéim Ardaithe Céime chuig Ollamh Pearsanta 2017 go 2020																
	2017				2018				2019				2020			
	Fir	Mná	Iomlán	% Mná	Fir	Mná	Iomlán	% Mná	Fir	Mná	Iomlán	% Mná	Fir	Mná	Iomlán	% Mná
Líon iomlán na n-iarratas rathúil	2	0	2	0%	8	7	15	47%	3	3	6	50%	2	3	5	60%

Tábla 2

## An Ollscoil ar fad – Sruth Gairme Acadúla mar a bhí faoi Nollaig 2020



Fíor 4: An Ollscoil ar fad – Sruth Gairme Acadúla mar a bhí faoi Nollaig 2020

Ní mór go mbeadh ar a laghad 40% fir agus mná ar gach coiste agus grúpa oibre. Áiríodh 134 coiste agus grúpa oibre ar fud na hOllscoile in iniúchadh bliantúil 2020/21 (féach Tábla 3).

Tá tionchar na mbeart seo le feiceáil ar chomhdhéanamh inscne ár bhfoirne bainistíochta agus ar fhoirne ar fud OÉ Gaillimh, lena n-áirítear méadú ar líon na mban i ról cheannaireachta shinsearach amháil Cinn Scoile agus Aonaid, Déin agus an UMT féin (50:50 fir:mná).

D'aithníomar an gá atá le sraith polasaithe nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun comhionannas agus cuimsitheacht a chumasú.

Iniúchadh ar Bhallraíocht Coistí 2020/21<sup>1</sup>

	% Fir	% Mná
UMT (15 bhall)	62.5%	37.5%
Údarás na hOllscoile	62.5%	37.5%
An Chomhairle Acadúil	56%	44%
Fóram Stiúirthóirí na Seirbhísí Tacaíochta (SSDF)	44%	56%
Cathaoirleach ar Choistí (don 134 coiste lárnach/coláiste/scoile)	58%	42%

Tábla 3

## Polasaithe a Tugadh Isteach

- Polasaí maidir le Cruinnithe le linn Croí-uaireanta – *Meán Fómhair 2016*
- Deontais Fillte le haghaidh Comhaltai Foirne Acadúla a mbíonn Taighde ar bun acu - *Meán Fómhair 2016* – 24 deontas a bronnadh go dtí seo – tugadh ardú céime go Léachtóir Sinsearach do thriúr i mbliana
- Rochtain ar choigiltis ó Shaoire do Thuismitheoirí ar leibhéal na scoile/an aonaid – *Meán Fómhair 2016*
- Cumhdach níos fearr maidir le Saoire Mháithreachais – *Meán Fómhair 2016*
- Polasaí Saoire Atharthachta – *Deireadh Fómhair 2017*
- Treoirínte maidir le hUalach Oibre Acadúil a leithdháileadh – *Meán Fómhair 2018*

<sup>1</sup>Rinneadh iniúchadh i mí Dheireadh Fómhair 2020. Amháil Eanáir 2021, is 50% fir agus 50% mná atá ar bhallraíocht an UMT (16).

## Oiliúint EDI

- Ceardlann Iar-mháithreachais maidir le Filleadh ar an Obair (Ramp-up): Reáchtáladh 6 cheardlann den sórt sin go dtí seo, le 10 rannpháirtí ar an meán in aghaidh na ceardlainne, agus tugadh aiseolas dearfach 100% ar a fhiúntaí is a bhí siad.
- Oiliúint i gClaontacht Neamh-chomhfhiosach: Cuirtear Oiliúint i gClaontacht Neamh-chomhfhiosach agus EDI ar fáil do gach painéal agallaimh; foirne feidhmiúcháin Aonaid, Scoile agus Coláiste agus Ollscoile; tá an oiliúint ar fáil don fhoireann uile lena n-áirítear foireann iardhochtúireachta; agus gach mac léinn taighde iarchéime agus gach mac léinn atá i mbun cúrsa oideachais múinteoirí. Táimid ag dul sa treo ceart ó thaobh oiliúint a chur ar na foirne feidhmiúcháin go léir agus beidh oiliúint ar 1,000 comhalta foirne faoi dheireadh na bliana acadúla 2020/21.
- Tá oiliúint Comhdheiseanna á cur ar fáil anois mar ghné lárnach dár gclár ionduchtaithe foirne.
- Aurora, an Clár Forbartha Ceannaireachta do Mhná: Tugadh tacaíocht do 109 bean ar an gclár seo – sna catagóirí acadúla, seirbhísí gairmiúla agus foirne taighde.
- Ceardlann don Fhorbairt Gairme Acadúla: cuirtear dhá cheardlann ar fáil gach bliain le 40 rannpháirtí in aghaidh na ceardlainne. Ansin tairgtear saintacaíocht ghairme do suas le 15 bhean in aghaidh na bliana chun tacú leo arduithe céime acadúla a bhaint amach. Cuireadh tús leis i mí na Bealtaine 2019 agus go dtí seo ghlac breis agus 100 acadóir páirt sna ceardlanna sin, agus d'éirigh le roinnt acu sin ardú céime a fháil dá bharr.

## Bunaíodh roinnt líonraí foirne chun deiseanna piarthacaíochta, líonraithe, rannpháirtíochta agus idirghníomhaíochta sóisialta a chur ar fáil:

- Gréasán Ban na hOllscoile - 2012
- Líonra Foirne LGBT+ - *Meitheamh 2017*
- An Líonra Foirne Idirnáisiúnta - *Bealtaine 2020*

## Athena SWAN

Tá an tionscadal Athena SWAN agus an próiseas lena mbaineann á leabú ar fud OÉ Gaillimh. Bhain Scoil an Leighis an gradam Cré-umha Roinne amach leis an institiúid in Earrach 2018. D'éirigh le Scoil na Fisice agus le Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta Cairnes dhá ghradam Cré-umha eile a bhaint amach i Samhradh 2020. Bronnadh Gradam Cré-umha Roinne Athena SWAN ar Scoil an Altranais agus an Chnámhseachais in Earrach 2021. Táthar ag súil leis an toradh ar 4 iarratas roinne ar ghradaim Chré-umha faoi láthair. Chomh maith leis sin, táthar i mbun na n-iarratas athchreidiúnaithe faoi láthair do ghradam Cré-umha Institiúideach OÉ Gaillimh agus do ghradam Cré-umha Scoil an Leighis. Faoi earrach 2022 beidh creidiúnú Cré-umha Athena SWAN faighte, nó iarratas déanta, ag gach ceann de scoileanna STEM OÉ Gaillimh agus ag Scoileanna i dtrí cinn dár gceithre choláiste.








# 5. Ciste Tionscadail EDI

2020/21



Is ócáid bhliantúil ar fhéilire an EDI é an Ciste Tionscadail Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (EDI) (€10,000), arna thacú ag OVPED. Bronntar an Ciste i bhfoirm roinnt deontais bheaga ar fiú idir €300 – €1000 iad go hiondúil. Le himeacht ama ó bunaíodh é, úsáideadh an Ciste chun go leor tionscnamh nua a chistiú agus chun tuilleadh maoinithe a ghiniúint. Tá sé ar fáil do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn gach bliain, ar bhonn iomaíoch, le haghaidh tionscadail chomhionannais san Ollscoil. Is é an aidhm atá leis tionscnaimh nuálacha chomhionannais/ chuimsithe a éascú agus an éagsúlacht a chur chun cinn agus a cheiliúradh i ngach réimse de shaol na hOllscoile. Dúnadh an 4ú gairm bhliantúil ar iarratais ar an 23 Samhain 2020.

As an 22 iarratas a fuarthas, bhronn Fochoiste an Chiste Tionscadail 12 dheontas do 2020/21 (cuireadh ceann amháin siar go dtí 2021/22), do mheascán de thionscadail foirne agus mac léinn ar fud an champais agus de théamaí tosaíochta.

## Tionscadail

### Intéirneachtaí Samhraidh WiSTEM:


Cuirtear taithí oibre/intéirneachtaí ar fáil do bhaill fochéime den chumann (1ú – 4ú bliain) chun tacú leo le linn a ngairme acadúla agus gairmiúla. Cuireann roinnt disciplíní intéirneachtaí ar fáil mar chuid de struchtúr an chlár céime ach ní hamhlaidh i gcás mórán disciplíní i gColáiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta.

**Eagraithe ag:** Cumann WiSTEM (Mná san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic)

### Taistealaithe san Oideachas: Braistint mhuintearais a chothú (Rochtain Mincéirí ar an Ollscoil):

Bhí sé seo ar siúl go fíorúil ar Lá Eitneachais na dTaistealaithe, an 1 Márta 2021, chun fáilte a chur roimh Thaistealaithe na hÉireann go OÉ Gaillimh agus chun iad a spreagadh. Bhí an ócáid seo bunaithe ar 'Taistealaithe sa Chóras Oideachais: Braistint Mhuintearais a Chothú' a bhí ar siúl i mí Feabhra 2020, a raibh sé d'aidhm aige caidreamh níos láidre a fhorbairt idir an fhoireann agus na mic léinn in OÉ Gaillimh agus Taistealaithe na hÉireann ar fud Iarthar na hÉireann.

**Eagraithe ag:** Owen Ward, an tIonad Rochtana, in éineacht le Imelda Byrne, an tIonad Rochtana.



Bhí clár iomlán imeachtaí ar siúl do 'Taistealaithe sa Chóras Oideachais: Braistint Mhuintearais a Chothú' ar an 1 Márta, lena n-áirítear cainteanna leis an Seanadóir Eileen Flynn, Sharon Gmelch, Richard O'Neill agus Thomas McCarthy.

**Cultúr le Greann do Mhic Léinn Idirnáisiúnta:**

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, níl aon deis ag mic léinn idirnáisiúnta idirghníomhú le muintir na hÉireann agus taithí a fháil ar an gcultúr. Cuireann an tionscadal seo acmhainní, teagmháil agus deis ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta tuiscint níos fearr a fháil ar chultúr na hÉireann, agus gnéithe dá gcultúr féin a roinnt, d'fhonn cabhrú le cuimsiú phobal éagsúil OÉ Gaillimh. Cuirfidh an tionscadal seo le heispéireas an phobail éagsúil mac léinn in OÉ Gaillimh, idir Éireannaigh agus mhic léinn idirnáisiúnta, rud a éascóidh tuiscint thraschultúrtha le go saibhreach dearcaidh domhanda na mac léinn uile.

**Eagraithe ag:** Louise Kelly, an Oifig Idirnáisiúnta agus Steve Bennett, fear grinn.



Rinne Steve Bennett, fear grinn, ceardlanna 'Cultúr le Greann' a éascú do mhic léinn idirnáisiúnta.

**Éagsúlacht agus Deiseanna a chothú sa Mhatamaitic:**

Cuirtear sraith gearrfhiseán gairmiúil ar fáil féachaint le dul i bhfeidhm ar dhaoine ó gach cúlra a bhfuil suim acu staidéar breise a dhéanamh sa mhatamaitic agus cuireadh a thabhairt dóibh a bheith páirteach i bpobal OÉ Gaillimh. Tá an t-ábhar dírithe ar an lucht féachana níos óige, cuirtear béim ar an timpeallacht éagsúil agus chuimsitheach atá le fáil i Scoil na Matamaitice, na Staitisticí agus na Matamaitice Feidhmí, ar an iliomad conairí atá ann le dul i dtreo céim sa mhatamaitic, ar an tacaíocht fhairsing atá ar fáil, agus ar a bhfuil bainte amach ag mic léinn matamaitice fochéime agus iarchéime a thagann as grúpaí faoi ghannionadaíocht.

**Eagraithe ag:** An Coiste Cumarsáide agus For-rochtana, Scoil na Matamaitice, na Staitisticí agus na Matamaitice Feidhmí.

**Comórtas Grianghraf 'All in this Together':**

Rinneadh ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas ar an 3 Nollaig trí chomórtas grianghrafadóireachta a reáchtáil. Iarradh ar dhaoine grianghraif le teideal a chur isteach faoin téama seo agus inspioráid a fháil ó na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, go háirithe Sprioc 3: Dea-Shláinte agus Folláine, agus Sprioc 10: Éagothroime a laghdú.

**Eagraithe ag:** Lorraine Tansey, Obair Dheonach Pobail ALIVE, le Lorraine Lally, mac léinn OÉ Gaillimh, agus Aisling Harrington, Seirbhísí Cothaithe Sláinte do Mhic Léinn.



Cuid de na grianghraif a cuireadh isteach don chomórtas grianghraf 'All in this Together' chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas a cheiliúradh ar an 3 Nollaig 2020.

### An Chartlann Inscne a Ghníomhú (Ionad Léann na mBan, COG: Ceiliúradh ar thrí scór bliain léinn agus cruthaitheachta):

Déantar digitiú ar ábhair faisnéise, béil agus amhairc a bhaineann le bunú agus forbairt Léann na mBan in OÉ Gaillimh agus sa phobal i gcoitinne, agus taifead luachmhar de chomhthéacsanna, de smaointe agus de dhearthaí a bhfuil tábhacht stairiúil, shóisialta agus fheimeach ag baint leo. Tugann digitiú na cartlainne infheictheacht shóisialta agus disciplín, rud a chruthóidh naisc fhéideartha le tionscadail náisiúnta chartlannaithe.

**Eagraithe ag:** An fhoireann atá i mbun an Chartlann Inscne a Ghníomhú, Comhaltaí Foirne agus Mic Léinn Léann Domhanda na mBan.

### Éagsúlacht chiníoch a chur chun cinn san ionad oibre:

Seimineár dhá uair an chloig le mic léinn, céimithe, fostóirí agus comhairleoirí gairme an Ionaid Forbartha Gairme dírithe ar chur chun cinn na héagsúlachta ciníche san ionad oibre, go háirithe mic léinn Éireannacha den chéad ghlúin d'oidhreacht na hAfraice. Is é aidhm an imeachta plé a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le mic léinn ón déimeagrafach seo fostaíocht a fháil mar aon le roghanna féideartha a aithint do mhic léinn chun a n-infhostaitheacht a fheabhsú agus ag an am céanna tús a chur leis an bplé seo le fostóirí a chuireann éagsúlacht san ionad oibre chun cinn.

**Eagraithe ag:** Marie Laffey agus Claire Murphy, an tIonad Forbartha Gairme.

### Ar do Sháimhín Só: Iniúchadh ealaíne ar conas mar a dhéanann mic léinn ó chultúir éagsúla a gcuid féin de OÉG:

Déantar iniúchadh ar an gcaoi a n-airíonn mic léinn as gach cearn den domhan, agus ó chultúir éagsúla, ar a sáimhín só in OÉ Gaillimh trí bhealaí a aimsiú lena bhféiniúlacht chultúrtha féin a choinneáil. Is tóraíocht ealaíonta é tuiscint a fháil ar an rud a thugann mothú sábháilteachta agus muintearais dóibh agus iad ag maireachtáil i spás nua le linn am corraitheach ina bhfuil eagla agus aonrú le brath go láidir. Trí scéalta na mac léinn a chíoradh, scrúdaíonn an tionscadal an chaoi a gcothaíonn agus a dtacaíonn OÉ Gaillimh le mic léinn mar dhaoine aonair, agus an chaoi a gcuidíonn sé leo borradh agus forbairt agus a n-uathúlacht á caomhnú acu ag an am céanna.

**Eagraithe ag:** Ananya Rajoo, Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta.

### Seimineár Gréasáin ar an Éagsúlacht san Fhoilsitheoireacht:

Seimineár gréasáin ar an ábhar 'Éagsúlacht san Fhoilsitheoireacht' a fhéachann le feachtas a mhúscailt, i measc mic léinn reatha foilsitheoireachta agus phobal OÉ Gaillimh i gcoitinne, maidir leis an ngá práinneach atá ann an tionscal foilsitheoireachta a éagsúlú ionas go gcuimseofar níor fearr ann guthanna agus tuairimí atá faoi ghannionadaíocht, lena n-áirítear guthanna mionlaigh eitneacha nó reiligiúnacha, iad siúd atá faoi mhíchumas, agus iad siúd ó gach cúlra socheacnamaíoch.

**Eagraithe ag:** An Dr Lindsay Reid i gcomhar leis an gcohort mac léinn iarchéime ar an MA sa Litríocht agus Foilsitheoireacht, 2020/21.

### AIDENTITI TOKS - Sraith cainteanna maidir le Féiniúlacht:

Sraith cainteanna atá i gceist anseo idir na healaíontóirí idirchultúrtha Romi Cruañas agus Juan Urbina i mbun comhrá le haoi-ealaíontóirí agus scoláirí faoi thopaicí féiniúlachta agus trasnachais agus a gcaidreamh leis na healaíona. Díreofar sna cainteanna ar choincheapa a phlé, a cheistiú agus a dhoimhniú, ar coincheapa iad lena ndéantar ár bhféiniúlachtaí éagsúla. Cur chuige neamhfhoirmiúil grinn a bheidh i gceist. Féachann an cur chuige seo le siamsaíocht a chur ar fáil agus daoine a chur ag machnamh ag an am céanna ar shaincheisteanna na socháí trí labhairt faoi ábhair thoirmscithé ar bhealach réalaióch agus ionraic. Beidh aoi nua i gceist do gach caint agus léireoidh siad saineolas ar ábhar an tseisiúin.

**Eagraithe ag:** Romi Cruañas, Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta.

### Seimineár Gréasáin: Inscne agus Sceithireacht: Gné Cheilte den Labhairt amach:

Díospóireacht agus plé faoi chúrsaí inscne agus sceithireachta a chur chun cinn trí sheimineár gréasáin a reáchtáil do Lá Idirnáisiúnta na mBan 2021, ina ndéantar iniúchadh ar shaincheisteanna a bhaineann le hinscne agus sceithireacht, in OÉ Gaillimh agus le hInstitiúid Whitaker, agus alt a fhoilsiú in RTÉ Brainstorm.

**Eagraithe ag:** An tOllamh Kate Kenny & an Dr Meghan Van Portfliet / Braisle taighde Cumainn Eagraíochta Oibre, ag Institiúid Whitaker agus Disciplín na Bainistíochta.

NUI Galway  
OÉ Gaillimh

Career Development Centre  
Employability • Guidance • Opportunities

# Race, Inclusion & Diversity

12 May 2021 | 12-1:30 PM

Guest Speaker: Dr Eburn Joseph

Empowering ethnic minority students to navigate the labour market

This event is sponsored by the EDI Project Fund

Universities of Sanctuary

Google

For more information and to book your place visit Careers Connect!

*Seimineár Gréasáin ar Chine, Cuimsiú agus Éagsúlacht*



WHITAKER WEBINARS PRESENTS

# GENDER AND WHISTLEBLOWING: A HIDDEN ASPECT OF SPEAKING UP

4 March

12:00-1:00 GMT

via Zoom

Dr. Mahaut Fanchini

University Paris-Est Créteil

Dr. Laura William

Centre for Research in Employment and Work, University of Greenwich

Dr. Nanna Bonde Thylstrup

Copenhagen Business School

Dr. Daniela Agostinho

University of Copenhagen

Brigid MacCarthy


Tavistock/UEL

Hosted by Dr. Meghan Van Portfliet and Prof Kate Kenny

NUI Galway This event is sponsored by the Equality, Diversity, and Inclusion Project Fund, NUI Galway and hosted by the Whitaker Institute

Tionóladh an seimineár gréasáin ar 'Gender and Whistleblowing' ar an 4 Márta, mar chuid den chlár imeachtaí do Lá Idirnáisiúnta na mBan 2021

## Tionscadail EDI 2019/20



# 6. Cur i bhfeidhm an Chreata Toilithe agus Plean Gníomhaíochta an Chreata Toilithe



Bhí bliain bhisiúil ag an nGrúpa Oibre do Chur i bhFeidhm an Chreata Toilithe (CFIWG). Léirigh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta suim nach beag agus tiomantas do chur i bhfeidhm an Chreata Toilithe ar fud na hearnála. D'iarr sé, tríd an ÚAO, go gcuirfeadh institiúidí ardoideachais an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm an chreata faoina bhráid faoin 18 Meán Fómhair 2020. Ceanglaíodh freisin plean gníomhaíochta institiúideach maidir le cur i bhfeidhm an Chreata a chur faoi bhráid an ÚAO faoin 26 Feabhra 2021.

D'fhorbair an Dr Pádraig MacNeela agus an Fhoireann Toilithe Ghníomhaigh\*, le tacaíocht ón OVPED, clár srathaithe chun feasacht na foirne a mhúscailt agus chun oiliúint a chur orthu. Cuireadh an chéad ghné den chlár seo ar fáil do bhaill UMT, do Chinn Scoile agus na nAonad mór trí Zoom ar an 8 Meán Fómhair. Tá oiliúint Chéad Phointe Teagmhála (9 n-uair an chloig thar thrí sheisiún x 3 uair an chloig) forbartha chomh maith. Cuirfidh an fhoireann Toilithe Ghníomhaigh\* an oiliúint seo ar fáil i gcomhar le hIonad Géarchéime na Gaillimhe um Éigniú. Beidh acmhainní ar líne lena n-áirítear físeán do gach comhalta foirne chun feasacht a mhúscailt réidh i mí na Bealtaine 2021 chun an Creat Toilithe a chur i láthair, mar aon leis an gcoincheap agus na leideanna a bhaineann le nochtadh. Sheol Toiliú Ghníomhach\*, Ionad Géarchéime na Gaillimhe um Éigniú, agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) feachtas 8 seachtaine ar an 1 Márta 2021 chun tacú le nochtadh, eolas agus scileanna do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne. Is féidir teacht ar an Tacar Uirlisí Toilithe Ghníomhaigh\* **anseo**.

Seoladh modúl forbartha gairmiúla 10 ECTS i mí Feabhra 2021, le tacaíocht ó Phacáiste Spreagthachta Poist de chuid an ÚAO. Cuireann sé seo suas le 30 áit ar fáil go náisiúnta do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn chun toiliú a chur chun cinn.

Le tacaíocht na nDéan Feidhmiúcháin inár gcoláistí, cuireadh ceardlanna Toilithe Ghníomhaigh\* ar fáil mar ghné lárnach de chlár ionductaithe sna coláistí do gach mac léinn sa chéad bhliain. Chuir an fhoireann Toilithe Ghníomhaigh\*, agus iad ag obair i gcomhar le comhghleacaithe ón bhfoireann comhairliúcháin, ceardlann toilithe ar fáil atá le seachadadh do na mic léinn ar an gcampas. Rinneadh é a nascadh le ceardlann idirghníomhach i bpearsa inar cuimsíodh teacht aniar agus feasacht, agus tugadh rochtain do rannpháirtithe ar acmhainní ar líne freisin. Bhain tuairim is 3000 mac léinn leas as an gclár, an líon is airde i measc na n-institiúidí ardoideachais. Dúirt níos mó ná 90% de mhic léinn bhaineanna agus 80% de mhic léinn fhireanna sa chéad bhliain go molfadís an clár do mhic léinn eile, agus léirigh 80% de mhic léinn bhaineanna agus 70% de mhic léinn fhireanna go raibh sé ábhartha dóibh féin. Bhí tionchar suntasach ag an tacaíocht láidir a thug foireann bainistíochta na hOllscoile (UMT) in OÉ Gaillimh don chlár agus is eiseamláir é do choláistí eile.

Ní mór dúinn oibriú freisin chun mic léinn eile seachas iad siúd sa chéad bhliain a mhealladh i dtreo an chlár le linn na bliana acadúla nó thar thréimhse ama níos faide. Déanfar é seo le rannpháirtíocht Choiste Teagaisc agus Foghlama na hollscoile chun straitéisí éifeachtacha a aithint chun oideachas toilithe a fíhí isteach i gclár acadúla.


Táimid an-bhródúil as an gclár Toilithe Ghníomhaigh\*, faoi stiúir an Dr MacNeela, agus tá OÉ Gaillimh ag iarraidh tacú le ról ceannaireachta an Toilithe Ghníomhaigh\* nuair is féidir. Tá an Dr MacNeela ina chomhalta den Ghrúpa Comhairleach a thacaíonn le hIonad Barr Feabhais an ÚAO don Chomhionannas Inscne, atá freagrach as suirbhéanna náisiúnta ar mhic léinn agus ar chomhaltaí foirne a fhorbairt maidir le foréigean agus ciapadh gnéasach a sheol an ÚAO ar an 12 Aibreán 2021.



Seoladh feachtas ar na meáin shóisialta ar Thoilíú Gníomhach\* 'Start Here' in OÉ Gaillimh ar an 1 Márta 2021.



Sheol baill d'fhoireann OÉ Gaillimh ar an Toiliú Gníomhach\*, Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) agus Ionad Géarchéime na Gaillimhe um Éigniú (GRCC) feachtas 8 seachtaine ar na meáin shóisialta, 'Start Here' ar an 1 Márta 2021.




Roinnt ball den Ghrúpa Oibre ar Chur i bhFeidhm an Chreata Toilithe ag cruinniú i mí Aibreáin 2021.

# 7. Cuairt 5


## den Ghrúpa Comhairleach Seachtrach ar Chomhionannas Inscne (EAG)




An 13 Bealtaine 2021, chuireamar fáilte den chúigiú bliain roimh ár nGrúpa Comhairleach Seachtrach ar Chomhionannas Inscne (EAG). I mbliana bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh an mball is nua atá againn, an tOllamh Penny Andrews ó Scoil Dlí Nua-Eabhrac, chuig an EAG. Tagann an tOllamh Andrews in ionad an Ollaimh Jane Grimson, a d'oibrigh le OÉ Gaillimh ó 2015 i leith, nuair a bhí sí ina cathaoirleach ar an Tascfhórsa ar Chomhionannas Inscne. Bhí an tOllamh Grimson ar dhuine de na baill a bhunaigh an EAG in 2017. Cuireann cuairt an EAG deis eisceachtúil ar fáil chun leas a bhaint as saineolas idirnáisiúnta den scoth ar chomhionannas inscne agus OÉ Gaillimh a chur i gcomparáid le forbairtí atá á ndéanamh go hidirnáisiúnta.




An tOllamh Tomas Brage  
Ollscoil Lund, an tSualainn



An tOllamh Paul Walton  
Ollscoil Eabhrac, RA



An tOllamh Lesley Yellowlees  
Ollscoil Dhún Éideann, RA




An tOllamh Penny Andrews  
Scoil Dlí Nua-Eabhrac, SAM

*Baill den Ghrúpa Comhairleach Seachtrach  
ar Chomhionannas Inscne (EAG)*






# 8. An Chéad Cheapachán ar Thionscnamh Ceannaireachta Acadóra Shinsearaigh (SALI) in OÉ Gaillimh:



‘Fuair mé an post toisc gur bean mé’  
leis an Ollamh Laoise McNamara



An tOllamh Laoise McNamara

Níor chuimhnigh mé ar dtús cur isteach ar Chathaoirleacht SALI san Innealtóireacht. Agus mé an t-aon Ollamh Pearsanta le hInnealtóireacht, bhí fonn orm iarratasóirí iontacha a aithint chun aghaidh

a thabhairt ar an easnamh seo. Bhí mé idir dhá intinn freisin arbh fhearr maoiniú a thabhairt d’acadóirí ban i lár a ngairme, agus go ndéanfaí ollúna díobh ina dhiaidh sin. Mar sin féin, le bheith macánta, bhí mé in amhras freisin faoi ghníomhartha dearfacha.

Ar feadh i bhfad, níor bhraith mé aon bhacainní móra mar gheall ar m’inscne. Thug an tacaíocht a fuair mé ó mo mhuintir, ó mheantóirí (fir ar fad) agus ó chomhghleacaithe spreagadh dom le bheith muiníneach as an gcumas atá ionam agus threoraigh sé sin mo roghanna gairme. Diúltaíodh romham agus cuireadh ó dhoras mé go mion minic mar is gnáth sa saol acadúil agus taighde, ach bhí an muinín agam leanúint ar aghaidh agus d’éirigh liom ar deireadh thiar. Tugadh aitheantas idirnáisiúnta do mo chuid taighde agus tharla ardú céime go tapa ina dhiaidh sin chuig Ollamh Pearsanta. Go gairid ina dhiaidh sin dúirt comhghleacaí de mo chuid ‘ní bhfuair sí é ach toisc gur bean í’. Ba nós liom beag is fiú a dhéanamh de thuairimí den sórt sin, ach an uair seo ghoill sé orm. Ní raibh aon

chuóta inscne ann agus bhí mé míshásta go bhféadfaí mo chuid taighde, teagaisc agus ceannaireachta a chaitheamh i leataobh chomh héasca sin le tuairim den sórt sin. Ach tá teacht aniar as an ngnách ionam, mar sin bheartaigh mé taispeáint dóibh go raibh siad mícheart agus lean mé ar aghaidh go rathúil le mo chuid taighde.

Is é an tuairim atá ann go dteastaíonn caighdeáin níos ísle chun gníomhartha dearfacha a chur i bhfeidhm, rud is dóichí a bhí taobh thiar den amhras a bhí orm ag an tús. Mar sin féin, is eol dom go bhfuil fianaise shuntasach ann gur mó an drogall a bhíonn ar mhná cur isteach ar phoist, fiú agus na cáilíochtaí céanna acu is atá ag a gcomhghleacaithe fireanna, nó cáilíochtaí níos fearr fiú. Léirigh staidéir fhoilsithe freisin go bhfuil rátáil níos lú ar CVanna acadúla nuair a chuirtear athrú simplí ó ainm fireann go hainm baineann i bhfeidhm. Trí chuótaí agus tionscnaimh speisialta a thabhairt isteach, tá deireadh á chur leis an mbac a bhíonn ar mhná cur isteach ar ról shinsearacha agus na poist sin a fháil.


I ndiaidh dom arduithe céime a fháil, tháinig dlús faoi na hiarratais a tháinig chugam a bheith ar choistí agus ar bhoird agus ag an am céanna ghlac mé le ról ceannaireachta mar Leas-Déan. D’airigh mé nach raibh mé in ann na hiarratais seo a dhiúltú, agus thug déine na n-iarratas ar mo chuid ama orm loighic na gcuótaí a cheistiú, go háirithe san Innealtóireacht áit nach bhfuil mórán ban ag obair. Ach le himeacht ama chonaic mé an chaoi ar tháinig athrú ar ár gcinnteoireacht a bhuíochas leis na cuótaí sin agus, ag labhairt ar mo shon féin, thug na ról sin an taithí agus an mhuintir dom a bheith rannpháirteach.

Mar Leas-Déan leag mé romham ar dtús aghaidh a thabhairt ar easpa cothromaíochta na n-inscní san Innealtóireacht. Mar sin féin, bhí mé díomách nuair a dúirt Treoirchomhairleoir nach 'do chailíní sin againne' a bhí an Innealtóireacht. Chuir an iliomad taithí den chineál céanna in iúl dom go géarchúiseach an tábhacht a bhaineann le heiseamláirí agus tháinig athrú ar mo mheon i leith gníomhartha dearfacha dá bharr sin. Ní mór don domhan dul i dtraith ar mhná rathúla le go bhfeicfidh mná óga na féidearthachtaí atá rompu agus go maolófaí ar an gclaonadh sa phróiseas earcaíochta. Tá sé soiléir dom anois nach bhfuil sé de rogha againn fanacht go dtí go n-athróidh rudaí astu féin de réir a chéile.

Agus go leor gradam an-iomaíoch bronnta orm (dhá ghradam ERC, Imscrúdaitheoir SFI, Buaiteoir IRC, Taighdeoir IRC na Bliana...) agus mé i mo Leas-Déan Taighde agus Nuálaíochta i gColáiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, bhraith mé go bhféadfainn iarratas iomaíoch a chur isteach le haghaidh post mar Chathaoirleach. Mar sin, tar éis domhainmhachnamh a dhéanamh air, rinne mé iarratas ar Chathaoirleacht SALI in Innealtóireacht agus tá súil agam, tar éis gur éirigh liom, go ndéanfar roinnt de na míthuiscintí a bhaineann lena leithéid de thionscnaimh a bhréagnú. Tá mé tiomanta mo chuid a dhéanamh le go mbeidh rath ar ár dtaighde agus tacú le hionadaíocht na mban a fheabhsú. Sa chás seo, fuair mé an post mar gur bean mé agus táim an-bhródúil as sin!



# 9. Forbairt EDI ag leibhéal na Scoile agus an Choláiste



Mary Dempsey  
Leas-Déan EDI, CSE

## Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta (CSE)

Cuimsítear i gColáiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta (CSE) 6 scoil STEM; an Cheimic, an Ríomheolaíocht, an Innealtóireacht, an Mhatamaitic, Staitisticí agus an Mhatamaitic Fheidhmeach, na hEolaíochtaí Nádúrtha, agus an Fhisic.

Ceapadh an Leas-Déan EDI i mí Aibreáin 2020 ar feadh téarma trí bliana. D'oibrigh sí leis an Stiúrthóir Forbartha Straitéisí chun Coiste EDI éagsúil a bhunú a raibh 22 ball ann lena n-áirítear; Cathaoirleach na bhFoirne Féinmheasúnaithe, Stiúrthóirí Scoile agus ionadaithe ó; DSI, Líonra Foirne LGBT+, OVPED, Seirbhísí Gairmiúla, Institiúid Uí Riain, Comhaltas na Mac Léinn agus Oifigigh Theicniúla.

Leagadh amach na Téarmaí Tagartha agus plean don Bhliain Acadúil 2020/21 ag an gcéad chruinniú den choiste i mí an Mheithimh 2020. Tagann an Coiste le chéile gach dara mí agus tagann Cathaoirleach Athena SWAN le chéile gach ceithre seachtaine. Forbraíodh **leathanach gréasáin an EDI** le heolas EDI a ionchorprú lena n-áirítear áis chun moltaí a bhailiú ó chomhaltaí foirne/mic léinn.

Spreg an chianobair an Coiste le huirlisí tacaíochta foirne a fhorbairt lena n-áirítear teimpléid i dtaca le 'Treoir do Dhea-bhéasa Cruinnithe Cianda' agus 'Mic Léinn i gCruachás'. Áiríodh le gníomhaíocht na gcoistí; ionchur i bPlean Straitéiseach an CSE, Plean Gníomhaíochta Folláine agus 2 bhall coiste a oileadh mar Ambasadóirí Folláine.

## Athena SWAN

Ba í an fhisic an chéad scoil de chuid an CSE ar bronnadh Gradam Cré-umha Roinne Athena SWAN uirthi (Samhain 2020). Tá Scoil na Ceimice, na nEolaíochtaí Nádúrtha agus na Matamaitice ag fanacht ar thorthaí na n-iarraitas a rinne siad le deireanas.

## Maoiniú

Arna mhaoiniú ag Ciste HEA chun Comhionannas Inscne a Fheabhsú, tá Líonra Eolaíochtaí Matamaiticiúla Athena SWAN na hÉireann á bhunú ag Scoil na Matamaitice le dea-chleachtas a roinnt agus le creat a bhunú chun sonraí tagarmharcála eárnála a tháirgeadh. Fuair Scoil na Matamaitice maoiniú ón gCiste Tionscadail EDI chun 'Éagsúlacht agus Deiseanna a Chothú sa Mhatamaitic'.

## Clár WISTEM2D J&J

Bunóidh Johnson & Johnson a gclár WISTEM2D i Meán Fómhair 2021.

## Scoláireachtaí Ollscoile Tearmainn

Tá CSE ag tacú le 7 mac léinn fochéime a bhfuil Scoláireacht Ollscoile Tearmainn acu lena n-áirítear 2 iníonacha léinn (29%) trí bhithin meantóireacht acadúil agus scoláireachtaí.

## SALI


D'éirigh le Scoil na hInnealtóireachta tairiscint a dhéanamh ar phost SALI agus ceapadh an tOllamh Laoise McNamara ina hOllamh Bunaithe le hInnealtóireacht i mí na Samhna 2020.

## Imeachtaí/Oiliúint/Seimineáir 2020/21

Cuireadh sceideal gníomhach agus tarraingteach d'imeachtaí faisnéise agus oiliúna ar fáil i gcaitheamh na bliana.

## Plean Choiste EDI 2021/22

- Seoladh clár WISTEM2D Johnson & Johnson i mí Mheán Fómhair
- Seimineáir fáilte a tharraing aird ar chomhaltaí nua agus orthu siúd a fuair ardú céime
- Cur i bhfeidhm straitéis EDI agus Plean Gníomhaíochta Athena SWAN agus Folláine
- Creidiuniú Athena SWAN bainte amach ag 4 Scoil



An Dr Gerry Molly  
Leas-Déan EDI, CASSCS

## Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh (CASSCS)

Ba í seo an bhliain dheireanach den chéad Leas-Déanacht EDI in CASSCS. Ceapfar Leas-Déan nua in 2021. Cé gur cuireadh srian mór lenár ngníomhaíochtaí EDI sa Choláiste ó Mhárta 2020, tá roinnt réimsí tábhachtacha inar éirigh linn dul chun cinn suntasach a dhéanamh le 12 mhí anuas.

### Athena SWAN

Ba í Scoil na Síceolaíochta an chéad Scoil in CASSCS a rinne iarratas ar Ghradam Cré-umha Athena SWAN, faoi stiúir an Dr Gerry Molloy agus an Ollaimh Molly Byrne. D'oibrigh foireann féinmheasúnaithe (SAT) na Scoile ar an iarratas seo i gcaitheamh 2019 agus 2020. Is ionann sin agus an bhunobair a bhaineann lenár n-iarrachtaí Athena SWAN a bhunú sa Choláiste. Thacaigh an Leas-Déan agus roinnt ball eile den CASSCS freisin leis an iarratas institiúideach athnuaite Athena SWAN a leagadh isteach i mbabhta mhí Aibreáin 2021.


### Ollscoil Tearmainn

Tá go leor de chomhaltaí an Choláiste ag déanamh cion tábhachtach i gcónaí do thionscnamh na hOllscoile Tearmainn (OT). I gcaitheamh na bliana seo caite, rinneadh dhá scoláireacht nua de chuid na hOllscoile Tearmainn a mhaoiniú ag leibhéal na fochéime agus na hiarchéime sa Choláiste. Tá meantóireacht aonair á fáil ag na Scoláirí Ollscoile Tearmainn seo ó chomhghleacaithe acadúla faoi láthair. Le linn 2020, rinne coiste comhairleach EDI de chuid CASSCS cion don athbhreithniú ar na struchtúir agus ar na próisis a bhaineann le meantóireacht a dhéanamh ar Scoláirí Ollscoile Tearmainn.

### An Creat le haghaidh Toilithe in Institiúidí Ardoideachais

Tá an clár Toilithe Gníomhaigh á stiúradh ag an Dr Pádraig MacNeela (Scoil na Síceolaíochta), an Dr Charlotte McIvor (Disciplín Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta) agus an Dr Siobhán O'Higgins (Scoil na Síceolaíochta). Forbraíonn an clár, agus cuireann sé i bhfeidhm, oideachas agus oiliúint atá bunaithe ar thaighde do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne i gcoláistí ar fud na tíre. Cuimsíonn sé tionscnaimh scoilbhunaithe freisin, amhail dearadh acmhainne nua maidir le litearthacht chriticiúil ar na meáin ghnéasacha leis an Dr Kate Dawson (Scoil na Síceolaíochta), atá le seoladh níos déanaí i mbliana.

Tá príomhshruthú an oideachais do thoilíú mac léinn agus forbairt uirlisí oideachais do chomhaltaí foirne in OÉ Gaillimh á dtacú ag Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta le bliain anuas. Beidh gá le clár cuimsitheach gníomhaíochta leis an athrú cultúir atá á éileamh ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais a bhaint amach ina cáipéis 'An Creat le haghaidh Toilithe in Institiúidí Ardoideachais'. Cuirfidh an Plean Gníomhaíochta institiúideach gaolmhar, a forbraíodh in 2021, scafall ar fáil d'fhorbairtí amach anseo sa réimse seo.



An Dr Shivaun Quinlivan  
Leas-Déan EDI, CBPPL

## Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí (CBPPL)

### Athena SWAN

Tá tiomantas tugtha ag Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí (CBPPL) go gcinnteoidh siad go ndéanfaidh gach ceann de na trí scoil sa Choláiste iarratas ar ghradam Athena SWAN ar bhonn rollach. Is cúis áthais dúinn a thuairisciú gur bronnadh Gradam Cré-Umha Athena SWAN ar Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E. Cairnes, an chéad scoil CBPPL a rinne iarratas, i mí Mheán Fómhair 2020. Is í an Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta an chéad Scoil AHSSL a bhain amach gradam Athena SWAN in OÉ Gaillimh.

### Oiliúint i nGníomh an tSlua

Cuirtear Oiliúint i nGníomh an tSlua ar fáil do chomhaltaí foirne sa Choláiste. Líonadh an 40 áit a bhí ar fáil don chéad seisiún oiliúna laistigh de 24 uair an chloig. Mar thoradh ar an spéis shuntasach a léirigh an fhoireann agus an t-aiseolas an-dearfach ar an oiliúint, reáchtálfar tuilleadh seisiún sa bhliain amach romhainn.

### Ghradam an Déin do Theagasc agus Foghlaim Chuimsitheach 2019/20

Agus muid ag obair leis an Leas-Déan don Teagasc agus don Foghlaim, an Dr Lucy-Ann Buckley, reáchtálar an dara bliain de Ghradam an Déin do Theagasc agus Foghlaim Chuimsitheach. Is cúis áthais dúinn a thuairisciú go raibh méadú suntasach ar líon na n-ainmniúchán ó na mic léinn. I mbliana, bronnadh an Gradam Aonair ar an Dr Patricia McHugh (Scoil an Ghnó agus na hEacnamaíochta), agus bronnadh an Gradam Foirne ar an bhFoireann Bia agus Dí ó Choláiste na Sionna (Sean T Ruane, Ceannaire foirne).

## An tOideachas Cuimsitheach

Tá dhá thionscadal ar theagasc agus foghlaim Chuimsitheach á stiúradh ag an Leas-Déan EDI, i gcomhar leis an Leas-Déan Teagaisc & Foghlama: Príomhthionscadal CBPPL ar Theagasc agus Foghlaim Chuimsitheach (Ciste Tionscadail na Mac Léinn) agus OÉ Gaillimh atá Cuimsitheach (Ciste NFETL). Tá Straitéis na hOllscoile 'Fís i gCoiteann, Múnlaithe ag Luachanna', agus an Straitéis EDI tiomanta do chinntiú go nglacfaimid le Prionsabail an Dearaidh Uilíoch inár dtimpeallacht foghlama. Le tacú leis na spriocanna straitéiseacha seo, chumasaimar cur i bhfeidhm áitiúil an tSuaitheantais Dhigitigh sa Dearadh agus Foghlaim Uilíoch. Is cúis áthais dúinn a fhógairt go bhfuil an Suaitheantas Digiteach bainte amach ag 70 comhalta d'fhoireann acadúil OÉ Gaillimh in imeacht na bliana acadúla seo a chuaigh thart, agus anois tá 10 gcomhaltaí foirne againn atá cáilithe mar oiliúinóirí i nDearadh agus Foghlaim Uilíoch.

Tá gnéithe go leor i gceist leis na tionscadail Foghlama Cuimsitheach, lena n-áirítear teagmháil a dhéanamh le mic léinn chun foghlaim faoina n-eispéiris maidir le cuimsiú agus eisiáimh inár n-ollscoil. Le bliain anuas, réachtáil siad an oiliúint/na seimineáir seo a leanas:

- 2020: Ceardlann: Timpeallachtaí Seomraí Ranga Cuimsitheacha agus Fáiltithe a Chruthú
- 2020: UDL 101
- 2020: Ceardlanna iomadúla ar Ally for LMS
- 2020: Aghaidh a Thabhairt ar an gCiníochas Córasach faoi chomhair Claoclú Institiúideach
- 2021: Seachtain an Oideachais Chuimsitheach
- 2021: Siompóisiam Náisiúnta ar Foghlaim Chuimsitheach san Ardoideachas (Breis agus 500 duine cláraithe don imeacht seo)

Mar chuid den tionscadal, cheannaíomar Ally for LMS a seoladh ar fud na hOllscoile ar fad i mí an Mhárta 2020 (**féach cuid 3 thuas faoin Treoir Inrochtaineachta Gréasáin**). Chuireamar acmhainn teagaisc chuimsitheach ar fáil ar Blackboard agus tá an acmhainn ar fáil do gach comhghleacaí in OÉ Gaillimh atá páirteach sa teagasc nó atá ag tacú le foghlaim mac léinn ar bhealach eile.

### Struchtúir EDI

Tá forbairt shuntasach déanta ar rialachas agus ar struchtúir EDI in CBPPL sa bhliain acadúil reatha. Tá gach ceann de na trí Scoil tiomanta do choistí EDI a bhunú le cathaoirleach an choiste sin ina suí ar an bhfeidhmeannacht ábhartha Scoile. Tá Orla Cullinane (Coláiste na Sionna) ag obair leis an dá scoil eile maidir leis an bpróiseas a bhaineann le Ceann Comhlach ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a fhostú.



## Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte (CMNHS)

### Athena SWAN

In ainneoin tionchar as cuimse COVID-19 ar Scoileanna CMNHS, tá coistí Athena SWAN gníomhach i Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais agus i Scoil an Leighis i gcónaí.

Bronnadh an chéad ghradam Cré-umha Athena SWAN ar Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais i Márta 2021. Bhí dúshlán ar leith le sárú ag an Scoil, mar dhisciplín acadúil measartha óg (a comhtháthaíodh in OÉ Gaillimh níos lú ná 20 bliain ó shin), maidir lena hathbhreithniú Athena SWAN a chríochnú agus le cohórt foirne ar mná iad a fhorfhóir (91% baineann). Tá an breithniú ar chomhionannas inscne i Scoil ar mná iad formhór na foirne úrnua in OÉ Gaillimh. Beidh foghlaim ó iarratas rathúil Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais rithábhachtach chun tacú le scoileanna eile dá leithéid amach anseo.

Cuirfidh Scoil an Leighis iarratas isteach le hathnuachan a dhéanamh ar an nGradam Cré-umha Athena SWAN i mí an Mheithimh 2021. Príomhdhúshlán is ea measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ón uair a bronnadh an chéad ghradam i leith. Tá feabhas mór tagtha ar ionadaíocht na mban ag gráid acadúla shinsearach. Tá ardú ó 35% (2016) go 50% (2021) tagtha ar chéatadán na Léachtóirí Sinsearach mná. Tá méadú tagtha ar chéatadán na mban san ollúnacht ó 6% (2016) go 19% (2021). Mar sin féin, tá an cultúr agus an cuimsiú sa Scoil ag athrú ar bhonn níos moille, ceist a d'fhéadfadh a bheith ní ba mheasa mar gheall ar Covid-19. Tá an SAT ag obair go dian dícheallach le machnamh a dhéanamh ar thionchar na hoibre a rinneadh go dtí seo agus le gníomhaíochtaí nua a fhorbairt le haghaidh a thabhairt ar shaincheistanna nua agus/nó leanúnacha a bhaineann le comhionannas inscne.

### Tionscnaimh EDI Eiseamláireacha

Tugadh isteach roinnt tionscnamh úrnua le comhaltaí foirne CMNHS a aithint, le tacú leo agus lena gcumhachtú, lena n-áirítear:

- Feasachán Míosúil EDIW a sholáthraíonn an nuacht is déanaí maidir le himeachtaí a bhaineann le EDI, oiliúint, athruithe polasaithe, agus deiseanna rannpháirtíochta do chomhaltaí foirne.

- Oiliúint Mhíosúil i nGníomh an tSlua a bhfuil sé i gceist aici cultúr ómóis a neadú inár gColáiste, agus cinntiú go mothóidh an fhoireann ar fad sábháilte labhairt amach agus muid féin agus daoine eile a choinneáil freagrach as an gcultúr a chrutháimid.
- Feachtas #SayThanks ina gcuireann comhaltaí foirne teachtaireachtaí buíochais chuig comhghleacaithe gach mí a spreagann an fhoireann le buíochas a ghabháil as an obair a dhéantar go laethúil.
- Maoiniú do shé áit ar an gClár Forbartha Ceannaireachta Aurora do Mhná d'fhonn go dtacóidh Comhaltaí Foirne CMNHS go follasach le mná i ngach catagóir foirne sna trí scoil.

DECEMBER

# CHARITY Challenge

## RANDOM ACT OF KINDNESS CHALLENGE

Do good, feel good this December!

**GALWAY AUTISM PARTNERSHIP**

**Helplink Mental Health**

**Galway Rape Crisis Centre**

**NUI Galway Students' Union: Comhaltas na Mac Léinn OÉ Gaillimh**

Contact [studentsunion@nuiagalway.ie](mailto:studentsunion@nuiagalway.ie) for more info

[Twitter](#) [Snapchat](#) [Facebook](#)

[@nuios](#)

[NUI Galway Students' Union](#)

Mar chuid de Dhúshlán Carthanachta Chomhaltas na Mac Léinn, OÉ Gaillimh 2020/21, inar bailíodh cistí d'Ionad Géarchéime na Gaillimhe um Éigniú, Comhpháirtíocht Uathachais na Gaillimhe agus Helplink, moladh do mhic léinn páirt a ghlacadh i ndúshlán 'Gníomhartha Cineáltais ón gCroí' i mí na Nollag le dearfachta a scaipeadh. Bhain ceann de na gníomhartha molta le cártaí poist a sheoladh chuig tithe altranais áitiúla. Ba é mana an dúshlán cineáltais 'dea-obair, dea-intinn!'

# 10. Straitéis EDI agus Cur i bhFeidhm na Straitéise




Cheadaigh Údarás na hOllscoile an chéad Straitéis EDI do OÉ Gaillimh i mí an Mheithimh 2020 agus sheol an Dr Máire Geoghegan-Quinn, iar-Choimisinéir an AE agus Cathaoirleach nua Údarás na hOllscoile, OÉ Gaillimh, an 5 Feabhra 2021. Thug EDICC faomhadh do phlean feidhmiúcháin don straitéis EDI, a ndéanfar monatóireacht rialta air le dul chun cinn a chinntiú.

Is í an príomhaidhm straitéiseach atá againn cultúr comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a chumasú, a chumhachtú agus a leabú ar fud OÉ Gaillimh a rachaidh chun sochair do phobal iomlán na hollscoile agus a chinnteoidh go mbeidh OÉ Gaillimh in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach.



An Dr Máire Geoghegan-Quinn ag seoladh fíorúil Straitéis EDI 2020-2025 agus Tuarascáil Bhliantúil an EDI 2019/20

Comhlíonfaidh na spriocanna seo a leanas an misean sin:




Fíor 5: Spriocanna EDI



Tá an straitéis EDI seo ag teacht le Straitéis na hOllscoile 2020-2025 atá bunaithe ar chroíluchanna a shainíonn cuspóir agus tosaíochtaí OÉ Gaillimh: meas, oscailteacht, inbhuanaitheacht agus barr feabhais. D'éascair na luachanna seo as comhairliúchán lenár gcuid mac léinn, comhaltaí foirne, alumni agus an pobal agus treoróidh siad sinn i ngach a ndéanaimid. As seo go ceann cúpla bliain, is iad na luachanna seo an taithí bheo a bheidh ag ár bpobal agus acu siúd a bhfuilimid ag maireachtáil leo, ag foghlaim leo agus ag comhoibriú leo.

Tacóidh spriocanna EDI sa phlean straitéiseach seo le tiomantais agus príomhghníomhaíochtaí a bhaint amach agus iad aitheanta ag an ollscoil i Straitéis 2020-2025 (féach Fíor 6).



Fíor 6: Straitéis 2020-2025 - Ár Luachanna

# 11. Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní (GPG)



Bliain 3

## Tuarascáil GPG bunaithe ar shonraí mhí an Mhárta 2020

### Forléargas

Is é an bhearna phá idir na hInscní an difear idir meánphá na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire, arna cur in iúl mar chéatadán den mheánphá in aghaidh na huaire d'fhir in eagraíocht; beag beann ar nádúr na hoibre, ról nó sinsearach.

### Tuairisciú Éigeantach in Éirinn

Tá dréacht-reachtaíocht, a cheanglódh ar eagraíochtaí na figiúirí a bhaineann lena mbearna phá idir na hInscní a thuairisciú, ag déanamh a bealach trí phróiseas reachtaíochta na hÉireann le tamall anuas. Táimid ag súil go mbeidh tuairisciú éigeantach ar fhigiúirí GPG ina cheanglas go gairid.


### Tuairisciú GPG OÉ Gaillimh

Tá OÉ Gaillimh tar éis anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar an mbearna phá idir na hInscní do na trí bliana a thosaigh i mí an Mhárta 2019, bunaithe ar shonraí mhí an Mhárta 2018. Ag an bpointe sin, agus bunaithe ar 2,231 comhalta foirne ar fud na heagraíochta, ba é 20% an mheánbhearna phá idir na hInscní agus ba é 18.4% an bhearna airmheánach phá.

Bunaithe ar 2,442 fostaí san iomlán, is é 18.7% an mheánbhearna phá idir na hInscní do OÉ Gaillimh bunaithe ar shonraí mhí an Mhárta 2020 agus is é 12% an bhearna airmheánach phá idir na hInscní (féach Tábla 4).

Meánbhearna Phá = 18.7%	Bearna Phá Airmheánach = 12.0%
Meánbhearna Phá OÉ Gaillimh	Bearna Phá Airmheánach OÉ Gaillimh
2020 = 18.7%	2020 = 12.0%
2019 = 17.9%	2019 = 12.0%
2018 = 20%	2018 = 18.4%

Tábla 4




Fíor 7

## BEARNA PHÁ ACADÚIL

Mar a bhí i mblianta roimhe seo, tá an bhearna phá idir na hInscní in OÉ Gaillimh de bharr na bearna pá Acadúil:

Meánbhearna Phá Acadúil = 22.1%  
Bearna Phá Airmheánach = 5.9%



Fíor 8: Foireann Acadúil

<b>BEARNA PHÁ NA FOIRNE SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA</b>		<b>BEARNA PHÁ NA FOIRNE TAIGHDE</b>	
Meánbhearna Phá = 12.7%		Meánbhearna Phá = 7%	
Bearna Phá <b>Airmheánach</b> = 10.9%		Bearna Phá <b>Airmheánach</b> = 2.2%	
<b>FIR</b>	<b>MNÁ</b>	<b>FIR</b>	<b>MNÁ</b>
<b>MEÁNRRÁTA IN AGHAIDH NA hUAIRE</b>	<b>MEÁNRRÁTA IN AGHAIDH NA hUAIRE</b>	<b>MEÁNRRÁTA IN AGHAIDH NA hUAIRE</b>	<b>MEÁNRRÁTA IN AGHAIDH NA hUAIRE</b>
€31.58	€27.56	€22.38	€21.38
<b>RÁTA AIRMHEÁNACH IN AGHAIDH NA hUAIRE</b>	<b>RÁTA AIRMHEÁNACH IN AGHAIDH NA hUAIRE</b>	<b>RÁTA AIRMHEÁNACH IN AGHAIDH NA hUAIRE</b>	<b>RÁTA AIRMHEÁNACH IN AGHAIDH NA hUAIRE</b>
€29.23	€26.26	€21.39	€20.91

Fíor 9: Foireann Seirbhísí Tacaíochta agus Taighde

<b>Achoimre Thuairiscithe GPG OÉ Gaillimh</b>						
<b>Catagóir</b>	<b>Meánbhearna</b>			<b>Bearna Airmheánach</b>		
	<b>2018</b>	<b>2019</b>	<b>2020</b>	<b>2018</b>	<b>2019</b>	<b>2020</b>
<b>Acadúil</b>	23.2%	21.3%	22.1%	11.8%	5.9%	5.9%
<b>Foireann na Seirbhísí Tacaíochta</b>	14.4%	12.8%	12.7%	16.8%	10.2%	10.9%
<b>Taighde</b>	7.6%	6.7%	7%	0.0%	0.0%	2.2%


Tábla 5: Achoimre Thuairiscithe GPG OÉ Gaillimh

### Seo a leanas roinnt de na bearta atá á ndéanamh ag OÉ Gaillimh leis an GPG a laghdú:

- Tionscadal Arduithe Céime ina ndírítear ar arduithe céime chuig léachtóir sinsearach agus ollamh pearsanta – a thacóidh le suas le 15 bhean in aghaidh na bliana a ullmhú d'arduithe céime.
- Táthar ag déanamh monatóireacht cháiréiseach ar ghrúpa iarratasóirí agus ar ghearrliostaí le haghaidh gach post sinsearach, idir ghairmiúil agus acadúil. Is éard atá i gceist leis seo go bhfuiltear ag iarraidh go mbeidh ar a laghad 30% d'iarrthóirí bainearna i ngrúpaí iarratasóirí do gach post agus go mbeidh dáileadh 50:50 i ngearrliostaí do gach post sinsearach – ó thús na bliana acadúla 2019/2020 ar aghaidh.
- Cuireadh tús le próiseas ardaithe céime rollach maidir le hardú céime chuig léachtóir sinsearach agus chuig ollamh pearsanta (le dhá dheis le hiarratas a dhéanamh gach bliain) i mí na Nollag 2019.
- Tá sé i gceist Grád an Ollaimh Chomhlaigh a thabhairt ar ais an athair go OÉ Gaillimh i Lúnasa 2021.
- Tá deontais taighde do chúramóirí acadúla ag filleadh agus deontais d'fhorbairt acmhainne taighde Athena SWAN (suas le 10 in aghaidh na bliana) ar fáil ón mBliain Acadúil 2016-2017 i leith.
- Táthar ag déanamh monatóireacht ar iarratais agus ar thorthaí na scéime Coinneála de réir inscne agus táthar ag déanamh tuairiscíú bliantúil don Chomhairle Acadúil, EDICC agus Údarás na hOllscoile ó Mheitheamh 2019.
- Tá an Stiúrthóir AD i dteagmháil le piaraí ar fud earnáil na n-ollscoileanna le dul chun cinn a dhéanamh ar chur chuige earnála i leith Creat Meastóireachta Poist a fhorbairt d'Fhoireann Riaracháin/Theicniúil. Is ceist shuntasach i gcónaí í seo d'earnáil na n-ollscoileanna in Éirinn ó chuir an Creat Rialaithe Fostaíochta cosc ar arduithe céime a thabhairt d'fhoireann riaracháin/theicniúil.
- Tá tacaíochtaí d'fhorbairt gairme agus ceannaireachta – Clár Forbartha Ceannaireachta Aurora ar fáil do suas le 15-20 bean in aghaidh na bliana ó gach catagóir foirne. Tá cláir forbartha gairme, cláir mheantóireachta agus/nó cláir chóitseála ar fáil do gach comhalta foirne OÉ Gaillimh.
- Tá grúpa oibre ar Fhostaíocht Neamhbhuan faoi stiúir AD – ag socrú an t-am i láthair agus ag pleanáil don todhchaí.
- Beidh an creat inniúlachta do ghráid riaracháin mar chuid den scéim do mhéideanna poist, a gcuirfeadh tús leis i Meán Fómhair 2021.
- Cláir oiliúna do ghráid riaracháin, i.e. Gráid 2 - 5, chun a gcuid scileanna a fhorbairt do róil amach anseo.
- Tá tiomantas tugtha ag OÉ Gaillimh d'iniúchtaí bliantúla agus do thuairiscíú a dhéanamh ar an GPG.


# 12. Saothar na Líonraí Foirne

i dTimpeallacht COVID-19



## An Líonra Foirne Idirnáisiúnta

Seoladh an Líonra Foirne Idirnáisiúnta in OÉ Gaillimh go hoifigiúil ar an 7 Bealtaine 2020. Reáchtáladh seoladh fíorúil ar ríomhphost agus ar na meáin shóisialta agus foilsíodh físeán fáiltithe le hUachtarán na hOllscoile, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh.



An Líonra Foirne Idirnáisiúnta OÉ Gaillimh

Cé gur líonra 'fíorúil' a bhí inár Líonra ó bunaíodh é, tá dul chun cinn déanta ag an Líonra i gcaitheamh 2020/21, a bhuíochas le hobair leanúnach ár Foirne Feidhmiúcháin tiomanta. Tá 142 ball chláraithe againn faoi láthair, ó tuairim is 35 tír ar fud an domhain. Reáchtáladh imeachtaí fíorúla i gcaitheamh na bliana acadúla seo le bonn a chur faoinár líonra. Reáchtáladh seacht maidin caifé shóisialta le tacaíocht a chur ar fáil, mar aon lé réimse éagsúil imeachtaí:

**16 Deireadh Fómhair** – an Chéad Chruinniú Oscailte den Líonra le tairní foirne idirnáisiúnta a phlé

**20 Samhain** – Cruinniú Oscailte faoi Rialachas na hOllscoile, inar tugadh ugach dár mbaill iad féin a gcur chun cinn le haghaidh coistí

**30 Nollaig** – Teacht le chéile sóisialta le linn dhúnadh na hOllscoile le foireann idirnáisiúnta a cheangal le chéile

**12 Márta** – Ócáid an Líonra chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan: 'Peirspictíochtaí Idirnáisiúnta: Mná i dTaighde a Cheiliúradh'

**Bealtaine 2021** – Bliain amháin ar an bhfód mar líonra foirne oifigiúil a cheiliúradh

Nuair a cuireadh tús lenár líonra bhí sé i gceist glór agus fíis shoiléir ar mhaithe le cuimsiú agus le hionadaíocht in OÉ Gaillimh a chur ar fáil. Agus muid ag dul chun cinn is iad seo a leanas ár bpríomhchuspóirí:

- Aghaidh a thabhairt ar leatrom ciníoch ar an gcampas
- Feasacht chultúrtha a fheabhsú
- Deiseanna líonraithe shóisialta a chur ar fáil dár mbaill
- Cion a dhéanamh d'obair na hOllscoile maidir le cuimsiú agus le hionadaíocht

Táimid ag súil le hoibriú lenár Líonra sa bhliain acadúil amach romhainn, agus muid ag druidim i dtreo ár dara bliain ar an bhfód agus ag oibriú le chéile ar ár spriocanna. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoinár líonra agus faoin gcaoi le bheith i do bhall ag [www.nuigalway.ie/isn](http://www.nuigalway.ie/isn)

## Líonra Foirne LGBT+

Agus bliain caite againn ag maireachtáil le COVID-19, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an choiste agus le baill an Líonra Foirne LGBT+ as ucht a gcuid oibre leanúnaí agus a dtacaíochta le linn na corraíola a bhaineann le maireachtáil le linn paindéime. Ó mhí Feabhra 2020 rinne baill na bearta seo a leanas:

- freastal ar imeacht chun Bratach Bhród na Gaillimhe a ardú (10 Lúnasa 2020);
- páirt a ghlacadh i seisiún plé beo ar líne le linn sheachtain Bhród na Gaillimhe (Folláine san Ionad Oibre – 11 Lúnasa 2020);
- tacú le comhghleacaithe in GMIT le Líonra Foirne LGBT+ a fhorbairt;
- freastal ar chruinnithe an Choiste Comhionannais, Éagsúlachta & Cuimsithe de chuid OÉ Gaillimh;
- tacú le críochnú an tionscadail taighde Mapping LGBTQ+ Lives at NUI Galway (a bhuíochas le gach duine a thacaigh leis an tionscadal seo an OPVED san áireamh, agus a bhuíochas leis an taighdeoir go háirithe);

- scríobh ar son ainmnithe do bhronnadh dochtúireachta oinigh agus ar son áitreabh nua do AMACH;
- i dteannta leis an nGréasán Ban na hOllscoile agus an Líonra Foirne Idirnáisiúnta, thug ugach do bhaill freastal ar imeacht toghchánaíochta an Údaráis ar an 16 Nollaig agus chuir rannpháirtíocht sa toghchán chun cinn;
- reáchtáil imeacht sóisialta ar líne do bhaill an Líonra ar an 11 Nollaig 2021;
- reáchtáil seimineár gréasáin ar an 18 Feabhra 2021: labhair an Dr Mary McAuliffe ar mhná réabhlóideacha agus chuir an Dr Declan Coogan i láthair torthaí an tionscadail Mapping LGBT+ Lives at NUI Galway. Thugamar cuireadh chuig an imeacht seo do chomhaltaí foirne GMIT.



*Labhair an Dr Mary McAuliffe, Ollamh Cúnta le Léann Inscne, COBÁC ar 'Having little use for men' (revolutionary women)' ag seimineár gréasáin an Líonra Foirne LGBT+ ar an 18 Feabhra 2021.*

Ba í an chéad mhórócaid fhíorúil inár bhféilire Léacht Bhliantúil Sheehy Skeffington ar an 30 Deireadh Fómhair 2020, a thug an t-iriseoir agus an feachtasóir an Dr Tom Clonan. Thug an Dr Clonan cuntas croiúil ar a scéin faoi mhéid na mí-úsáide gnéasaí laistigh d'fhórsaí armtha na hÉireann agus faoi na constaicí a bhí roimhe maidir le háitiú ar na húdaráis dul i ngleic leis an bhfadhb. Rinne sé cur síos freisin ar a shástacht maidir leis na leasuithe a raibh baint aigean a chur i bhfeidhm ar deireadh.

Agus muid ag dréim le Toghcháin Údarás na hOllscoile, d'óstálar imeacht 'Buail leis na hIarthóirí' ar an 16 Nollaig 2020, i gcomhar leis na Líonraí Foirne Idirnáisiúnta agus LGBT+. Rinne dháréag iarrthóirí a gcur i láthair agus d'fhreagair siad ceisteanna ón lucht féachana. Ba chúis áthais dúinn a fheiceáil gur toghadh beirt bhan mar thoradh ar an vótáil i ngach ceann de na trí chatagóir foirne.

Rinneamar Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh ar an 8 Márta 2021 ag ar thug Catherine Connolly, TD, an príomhléacht dar teideal 'Using Your Voice'. Arna vótáil mar an gcéad Leas-Cheann Chomhairle baineann le deireanas, ba rogha mhóréilimh í Connolly, mar b'fhollasach ar an slua mór a d'fhreastail ar an léacht. Labhair Connolly go paiseanta faoi thábhacht na Gaeilge, na timpeallachta agus an gá atá le hiogaireacht maidir le dul i ngleic leis na hábhair imní a bhí ag marthanóirí na dTithe Máithreacha agus Naionán.

## Gréasán Ban na hOllscoile

Tháinig paindéim Covid-19 i gceist agus cuireadh an chéad dianghlasáil i bhfeidhm sna laethanta beaga tar éis Lá Idirnáisiúnta na mBan in 2020 agus mhúnlaigh sé ár ngníomhaíochtaí ó shin i leith. Agus aird á tabhairt againn ar thaighde ina dtugtar le fios tionchar díréireach a bheith ag an bpaindéim ar mhná, mholamar suirbhé uile-foirne a dhéanamh ar thaithí a bheith ag obair ón mbaile. Arna dhearadh ag OVPED agus arna chur i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2020, léiríodh sa suirbhé go raibh imní ghinearálta ann faoi spás fisiciúil agus faoi dhícheangal ón obair, ach ba chúis mhór imní iad freagrachtaí cúraim i measc roinnt comhaltaí foirne baineanna.




*Catherine Connolly, TD, príomhchainteoir do Lá Idirnáisiúnta na mBan, an 8 Márta 2021, á óstáil ag Gréasán Ban na hOllscoile*



*Léacht Bhliantúil Mór le rá Sheehy Skeffington: 'Sisters in Arms: Researching women soldiers in Ireland's Armed Forces – An Intellectual, Ethical & Personal Journey' - An Dr Tom Clonan.*

Bhí ár gCruinniú Ginearálta Bliantúil ar siúl seachtain ina dhiaidh sin. Thug sé sin deis baill nua an choiste a chur in aithne agus imeachtaí atá ar na bacáin a phoiblíú. Ina measc siúd bhí ceardlann a réachtáil an Phreasoifig ar an 19 Márta maidir le cion a dhéanamh do na meáin agus ceardlann eile a réachtáil Advance HE maidir le Comhionannas Ciníoch a mí Aibreáin. Arna comhbhunú ag an OPVED, mhol an Lónra an dara ceardlann mar fhreagra ar agóidí Black Lives Matter agus deartar í

le cuidiú le hoideachas a chur ar an gcoiste agus ar chomhaltai foirne sinsearacha ar fud na hollscoile maidir leis an gcao is fearr le comhionannas ciníoch a chinntiú in OÉ Gaillimh. Tasc eile atá le déanamh againn measúnú a dhéanamh ar thorthaí an tsuirbhé ríomhphoist chuig an bhfoireann ar fad 'Fir mar Ghníomhairí Athraithe' a scaipeamar le deireanas, a chomhlíonann tiomantas a tugadh faoin bPlean Gníomhaíochta Comhionannais Inscne.



Bhí clár cuimsitheach imeachtaí fíorúla ar siúl i mí an Mhárta, mar cheiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan 2021.

**I measc na gcainteoirí bhí:** Catherine Connolly, TD agus Leas-Cheann Comhairle; an Dr Sinéad Ring, Ollscoil Mhá Nuad, an Dr Pádraig Mac Neela, OÉ Gaillimh agus an tOllamh Jason Last, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; Kerrie Power, HEAnet; Cliona O'Leary, RTÉ; an tOllamh Molly Byrne, OÉ Gaillimh; an Dr Mahaut Fanchini, Ollscoil Paris-Est Créteil, an Dr Laura William, Scoil Ghnó Greenwich, an Dr Nanna Bonde Thylstrup, Scoil Ghnó Chóbanhávan, agus an Dr Daniela Agostinho, Ollscoil Chóbanhávan agus Brigid MacCarthy, Tavistock/UEL; Aoibhin Sheedy, OÉ Gaillimh agus an Dr Anushree Dwivedi, CERENOVUS; an Dr Nata Duvvury, an Dr Katarzyna Gojanek-Whysall, Adriana Cardinot, agus an Dr Ioanna Tourkochorití, OÉ Gaillimh; an tOllamh Maria S. Floro, Ollscoil Mheiriceánach agus an Dr Srinivas Raghavendra, OÉ Gaillimh.



# 13. An Scéal is Déanaí maidir le Clár Oibre EDICC

i gcaitheamh na Bliana Acadúla 2020/21



## (i) Rochtain

Tá an Coiste maidir le Rannpháirtíocht a Fhairsingiú (WP) faoi lán seoil ó mhí Feabhra 2020 agus tháinig sé le chéile ceithre huaire go dtí seo.


Is iad seo a leanas na Gníomhaíochtaí don Choiste WP faoi Sprioc 4.5 den straitéis EDI, 'Constaicí roimh an gcuimsiú do mhic léinn de réir cúnsí socheacnamaíocha agus stádais mhionlaigh a aithint agus a leagan síos':

1. Dea-chleachtas, straitéisí agus gníomhaíochtaí a aithint a chuireann ar chumas mac léinn atá faoi ghannionadaíocht páirt a ghlacadh agus dul chun cinn a dhéanamh, agus polasaithe a mholadh a chuirfidh le tuiscint agus le cur chun cinn gníomhach OÉ Gaillimh i réimsí an Chuimsithe Shóisialta, an Chomhionannais agus na hÉagsúlachta;
2. Machnamh a dhéanamh ar rátaí rannpháirtíochta, coinneála agus dul chun cinn do mhic léinn atá faoi ghannionadaíocht san Ollscoil agus nasc a dhéanamh

le hobair Choiste Eispéreas na Mac Léinn le moltaí a thabhairt agus próiseas le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i ndáil leis sin;

3. Plean a fhorbairt agus a mhaoirsiú le hinfeictheacht na hOllscoile a fheabhsú agus le clú na hOllscoile mar thimpeallacht chuimsitheach oideachais a fheabhsú agus le hoiliúint a chur ar chomhairleoirí rannpháirtíochta.

Bunaíodh foghrúpa Tasc agus Cur i gCrích le tuairisc a chur ar fáil a thabharfaidh sainmhíniú ar Rochtain agus Rannpháirtíocht a Leathnú in OÉ Gaillimh, agus a thacóidh le príomhshruthú WAP. Ó mhí Feabhra 2021 i leith, rinne an grúpa seo cumarsáid le gach coláiste agus stiúrthóir cláir maidir le gníomhaíochtaí coláiste, scoile nó cláir a bhaineann le WAP faoi dhúshraitheanna éagsúla de chuid Mhúnla an Ionaid Rochtana (**féach Fíor 10**). Dá éis sin, déanfar suirbhé ar na coláistí uile maidir le WAP, agus seolfar an tuarascáil fhoilsithe ina dhiaidh sin féin.



Fíor 10: Múnla an Ionaid Rochtana





Léiríodh clár faisnéise gearr *‘Travellers in Higher Education – Building a Sense of Belonging’* mar chuid d’arrachtaí Oifig Rochtana na hOllscoile tacú le Taistealaithe mar eiseamláirí agus lena rannpháirtíocht san oideachas. Is féidir breathnú ar an gclár faisnéise ag: <https://youtu.be/U-G-ujKtu8w>



**An Clár Aistrithe chuig Fostaíocht**

Is tionscnamh rannpháirtíochta méadaithe bliantúil é an Clár Aistrithe chuig Fostaíocht a réachtálann an tIonad Forbartha Gairme. Féachann sé le tacú le mic léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riocht meabhairshláinte orthu agus atá ag ullmhú don aistriú chuig an ionad oibre. D’fhéadfadh sé a bheith sách crua ar mhic léinn poist a chuardach má tá siad buartha faoina míchumas a nochtadh d’fhostóir. Tá an clár cúig bliana ar an bhfód agus cuireadh ar an ngearrliosta é do Ghradam Dhomhanda Zero Project 2021, a thacaíonn le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas (CRPD) a chur i bhfeidhm.

Is éard atá sa Chlár Aistrithe sraith de cheithre cheardlann a chuireann eolas luachmhar ar fáil maidir le haistrithe a bhainistiú, nochtadh, ceangal le fostóirí, agus tacaíochtaí leantacha tar éis na céime. Cuireadh an clár ar fáil go fóirúil mar fhreagra ar Covid-19



agus ghlac 75 mac léinn páirt sna ceithre sheisiún. I gcaitheamh na sraithe chuireamar fáilte roimh ionadaithe fostóirí ó Apple, Fidelity Investments, Northern Trust agus an BSL. Chuir comhoibriú le AHEAD, Specialisterne agus Employability Galway eolas luachmhar ar fáil do mhic léinn ar nochtadh agus ar chláir intéirneachta do chéimithe faoi mhíchumas. I measc na dteistiméireachtaí ó mhic léinn bhí na ráitis seo a leanas;

*‘D’fhoghlaim mé go leor faoi na roghanna maidir le cathain agus cad chuige a ndéanfar nó nach ndéanfar míchumas a nochtadh d’fhostóir’*

*‘Míle buíochas le Marie agus le Claire as aíonna den sórt sin a chur os ár gcomhair i gcaitheamh na seachtainí. Chuir sé dóchas orm faoin todhchaí. Is mór agam é’*



Bhí an chéad chruinniú den Ghrúpa Stiúrtha don Inrochtaineacht/Dearadh Uillíoch, faoi chathaoirleacht an Uachtaráin, Ciarán Ó hÓgartaigh, ar siúl ar an 19 Eanáir 2021

## (ii) Grúpa Oibre an Champais Idirchultúrtha

Athbhunaíodh Grúpa Oibre an Champais Idirchultúrtha le deireanas mar cheann de shruthanna oibre EDICC na hOllscoile. Is é an Leas-Uachtarán Idirnáisiúnta a dhéanann cathaoirleacht ar an ngrúpa oibre agus tá ionadaithe air ón Líonra Foirne Idirnáisiúnta, an Oifig Idirnáisiúnta, an Ollscoil Tearmainn, Comhaltas na Mac Léinn, AD, agus an OPVED. Tá cúram ar an nGrúpa Oibre aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a chuireann teorainn leis an taithí idirchultúrtha in OÉ Gaillimh agus céimeanna dearfacha a spreagadh i dtreo ollscoil a chruthú a chuimsíonn éagsúlacht chultúrtha agus a bhfuil meas aici uirthi.



*Cruinniú Ghrúpa Oibre an Champais Idirchultúrtha, Márta 2021*

D'aithin an grúpa ceithre phríomhthéama a ndíreoidh sé orthu le linn na bliana atá amach romhainn:

### Ciníochas

Is téama lárnach, uileghabhálach de chuid an ghrúpa oibre é seo. Is féidir le ciníochas tionchar tubaisteach a bheith aige ar mhic léinn agus ar an bhfoireann araon. Léiríonn eachtraí ar an gcampas agus taobh amuigh den champas araon gur gá do OÉ Gaillimh tuiscint agus feacht ar chiníochas follasach agus folaithe agus ar mhicreai-ionsaithe ciníocha a fheabhsú. Tagann ciníochas freisin ar scair ar ghnéithe eile neamhionannais amhail neamhionannais inscne agus mhíchumais, rud a léiríonn gréasán casta neamhionannais ar gá aghaidh a thabhairt go hiomlánaíoch air.

### An Deighilt a bhaineann le Taithí na Mac Léinn Idirnáisiúnta

Is minic a fhaigheann mic léinn idirnáisiúnta leibhéal éagsúil airde, tacaíochta agus taithí le hais na mac léinn Éireannach; mar sin féin, is minic a thagann riachtanais na mac léinn idirnáisiúnta ar scair ar riachtanais na mac léinn Éireannach. Tosaíonn an dealú seo idir an chaoi a gcaitear leis na mic léinn idirnáisiúnta/taithí na mac léinn idirnáisiúnta chomh luath leis an gcéim earcaíochta agus buanaítear é le linn a n-aistir. Déantar na difríochtaí seo níos measa de bharr deighiltí idir mic léinn idirnáisiúnta ón Tuaisceart Domhanda i gcomparáid leis an Deisceart Domhanda, agus, mar shampla, srian ar shaoirse gluaiseachta agus deiseanna go leor mic léinn de bharr srianta víosa.

Trí Thionscadal Global Galway, táthar ag spreagadh athrú cultúrtha gan úsáid a bhaint as teanga dhiúltach (neamh-AE) ach ina áit úsáid a bhaint as an bhfocal 'idirnáisiúnta'.

### Tacaíocht agus Taithí na Foirne Idirnáisiúnta

Tá easpa tacaíochta ann do chomhaltaí foirne idirnáisiúnta earcaithe agus iad ag ullmhú le taisteal go hÉirinn, lena n-áirítear tacaíocht a bhaineann le hiarratais ar víosaí, páipéarachas agus lóistín a shocrú, scolaíocht, baincíteacht, etc. a eagrú roimh theacht chun na tíre dóibh. Tá gá freisin le tacaíocht a thabhairt d'fhoireann idirnáisiúnta lena gcomhtháthú san Ollscoil agus in Iarthar na hÉireann.

### Coinneáil Foirne Idirnáisiúnta

Is beag sonraí atá ann faoi láthair lenar féidir rianú a dhéanamh ar choinneáil foirne idirnáisiúnta. Tugann sonraí cáilíochtúla le fios go bhféadfadh fadhanna a bheith ann maidir le coinneáil, agus d'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo míbhuntáistí a bhaineann le dul chun cinn laistigh de struchtúir na hOllscoile. Bíonn dúshláin ar leith roimh chomhaltaí foirne idirnáisiúnta, mar shampla, agus cuireann srianta taistil teorainn le comhar taighde agus le freastal ar chomhdhála. Ní mór dúinn na dúshláin sin a aithint agus réitigh a chur ar fáil ina leith.



*Is tionscnamh é seo ina bhfuil mic léinn agus comhaltaí foirne páirteach chun plean idirnáisiúnta a réiteach don Ollscoil a chomhlíonann na spriocanna atá leagtha amach i bhFis agus Straitéis na hOllscoile 2020-2025. Is tionscnamh uailmhianach é, ina ndéantar athbhreithniú ar gach gné de ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta na hOllscoile, agus ina ndéantar na bearnaí atá ann faoi láthair agus ár spriocanna don am atá le teacht a aithint. Faigh tuilleadh eolais faoin tionscnamh ar **láithreán gréasáin** an tionscnaimh nó trí bhreathnú ar an **bhfiseán** seo.*

## (iii) Inscne

Féach leathanaigh 14-16 agus 22-24 thuas.



*Iarratas Athena SWAN 2021*



OÉ Gaillimh  
NUI Galway

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA COMHIONANNAIS INSCNE 2019-2021

BAINEANN NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA PHLEAN SEO LE CEITHRE CHÁIPÉIS A NDÉANTAR TAGAIRT DÓIBH LAISTIGH DE GHNÍOMHAÍOCHTAÍ SONRACHA. CÁIPÉISÍ AGUS AN SUÍOMH IS FÉIDIR TEACHT ORTHU:

Tuarascáil Deiridh an Tascfhórsa Comhionannais Inscne, OÉ Gaillimh, Bealtaine 2016 (GEAP)  
Athbhreithniú Náisiúnta an ÚAO ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann, Meitheamh 2016 (ÚAO)

[AR FÁIL ANSEO](#)

[AR FÁIL ANSEO](#)

[AR FÁIL ANSEO](#)

[AR FÁIL ANSEO](#)


Iarratas Cré-umha Athena SWAN OÉ Gaillimh, Samhain 2017 (AS)

Plean Gníomhaíochta Inscne na Roinne Oideachais agus Scileanna 2018-2020 (An Roinn Oideachais agus Scileanna)

### ACHOIMRE SONRAÍ GNÍOMHAÍOCHTA


		Stádas				
		Níl sé Tosaithe	Ar Bun – Mar a beartaíodh	Ar Bun – Moill air	I mBaol	Críochnaithe
<b>Gníomhaíochtaí Iomlána:</b>		<b>89</b>	<b>2</b>	<b>16</b>	<b>11</b>	<b>49</b>
<b>Gníomhaíochtaí Iomlána de réir catagóire:</b>	Cultúr					
	Institiúideach	24	1	7	3	11
	Rialachas	14	0	0	0	13
	Athena SWAN	8	0	2	0	6
	Oiliúint agus Forbairt	14	1	2	4	6
	Earcaíocht	13	0	0	1	4
	Ardú Céime	16	0	5	3	5

Nuashonrú & Dul Chun Cinn GEAP (2)



Cruinniú SAT Institiúideach Athena SWAN, Feabhra 2021

# 14. Forbairtí agus Nuashonruithe ar Pholasaithe



## (i) Forbairtí ar Pholasaithe AD

Ó 2018 i leith, tá athbhreithniú cuimsitheach á dhéanamh ar gach polasaí AD, lena n-áirítear polasaithe a bhaineann le EDI, ag an Oifig Acmhainní Daonna. Is gá go ndéantar nuashonrú reachtach ar an iomad polasaithe ar bhonn leanúnach faoi mar a measadh go raibh polasaithe eile i gcomhréir leis an bpróiseas comhairliúcháin comhaontaithe trí bhithin grúpaí leasa foirne, ceardlanna agus iarratais ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara éagsúla. Rinneadh Measúnú Tionchair Comhionannais ar gach polasaí sular tugadh faomhadh dó.

Comhaontaíodh an Polasaí Frithbhulaíochta do Chomhaltaí Foirne in 2019 agus tugadh faomhadh don Pholasáí Foirne maidir le Ciapadh agus Gnéaschiapadh in 2020. Le deireanas, thug Foireann Bainistíochta na hOllscoile faomhadh don Pholasáí Saoire Breoiteachta leasaithe agus don Pholasáí Earcaíochta agus Coinneála Foirne Leasaithe agus tá siad araon ar fáil ar láithreán gréasáin AD.

Ainmníodh agus oileadh teagmhálaithe tacaíochta chun tacú le foireann a bhraitheann go bhfuil bulaíocht, ciapadh, nó ciapadh gnéis á d(h)éanamh orthu san ionad oibre.

Tá polasaithe nua á bhforbairt faoi láthair freisin. Tar éis comhairliúcháin agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara, thug Foireann Bainistíochta na hOllscoile faomhadh do Pholasáí nua maidir le Caidreamh Comhthoilithe in 2021. Ina theannta sin, thug grúpa oibre foirne faoi Pholasáí maidir le hOibair Chianda a fhorbairt le deireanas.

Cuireadh tús le sraith Seisiún Eolais maidir le Caidreamh le Fostaithe in 2019 chun forléargas a thabhairt agus aird na foirne a dhíriú ar na polasaithe agus na scéimeanna saoire infheidhme. Tá Oiliúint Pholasaithe do Bhainisteoirí beartaithe don dara ráithe de 2021 agus tá sé socraithe go gcuirfeadh ar fáil don fhoireann go léir i Meán Fómhair 2021.

Tá na polasaithe go léir ar fáil ar láithreán gréasáin AD.


## (ii) Polasaí Saoire Foréigin Baile

Is é Coiste Campais EDI (EDICC) a leagann amach an creat comhionannais maidir le soláthar seirbhísí agus fostaíocht ar fud na hOllscoile trí chlár oibre oibríochtúla a fhorbairt. Fócas tábhachtach de chuid phlean oibre 2020/21 an

EDICC is ea Polasaí Saoire Foréigin Baile a fhorbairt i gcomhar leis an Oifig AD.

Tharraing an Dr Nata Duvvury, a bhfuil a cuid taighde dírithe ar na costais shóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le foréigean baile a dhéanamh amach i dtíortha go leor ar fud an domhain, aird an EDICC ar cheist an fhoréigin baile in Earrach na bliana 2020. Chaith sí léas ar iarmhairtí tromchúiseacha an fhoréigin baile a bhaineann an bonn de bhisiúlacht, d'inniúlacht, agus d'fholláine mharthanóirí an fhoréigin sin. Phléigh sí an gá le gníomhú agus chaith sí léas ar an gcleachtas domhanda atá ag teacht chun cinn i measc institiúidí (príobháideacha agus poiblí) chun aghaidh a thabhairt ar an bhforéigean baile a tharlaíonn do chomhaltaí foirne, mar aon le tiomantas rialtas na hÉireann do reachtaíocht a bhaineann le polasaithe saoire foréigin baile a achtú chomh maith. D'iarr an EDICC ar fhochoiste polasaí saoire foréigin baile a fhorbairt do OÉ Gaillimh.

D'fhorbair an fochoiste (ina raibh an Dr Nata Duvvury, Sinead Wynne agus Daniel O'Hara) dréachtpholasáí Saoire Foréigin Baile. Sa pholasáí glacadh le sainmhíniú leathan ar fhoréigean baile chun an réimse taithí a d'fhéadfadh a bheith ag gach comhalta foirne, lena n-áirítear foréigean dlúthpháirtí, foréigean a dhéanann baill teaghlaigh aosaigh eile, agus foréigean leanaí ar thuismitheoirí a chuimsiú. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le baill de EDICC, leis na ceardchumann, agus le líonraí foirne inar aithníodh an polasaí mar cháipéis chaolchúiseach a léiríonn na riachtanais éagsúla a bhaineann le ról foirne éagsúla. Thug Foireann Bainistíochta na hOllscoile faomhadh don pholasáí i mí Aibreáin 2021. Tá sé i gceist againn an polasaí seo a chur i bhfeidhm láithreach. Cuireann sé seo OÉ Gaillimh chun cinn mar cheannaire in earnáil an ardoideachais maidir le haghaidh gníomhach a thabhairt ar fhoréigean baile – ceist a nglactar léi go minic mar shárú ar chearta, ach atá lasmuigh de 'sainchúram na hinstiúidí'.



An Dr Nata Duvvury



# 15. Clár Oibre EDICC

don BA 2021/22



## Sruth Oibre Rochtana

San obair leanúnach atá á déanamh ag an nGrúpa Oibre Rochtana tugtar tosaíocht don mhéid seo a leanas don Bhliain Acadúil 2021/22:

- Príomhshruthú a dhéanamh ar Rochtain agus Rannpháirtíocht a Fhairsingiú (WAP) ar fud gach coláiste.
- Tar éis an chleachtaidh iniúchta tosaigh a cuireadh i gcrích sa Bhliain Acadúil 2020/21 beidh suirbhé ar gach coláiste maidir le WAP, agus déanfar anailís ar shonraí an tsuirbhé agus foilseofar tuairisc chun eolas a chur ar fáil do thionscnaimh WAP a dhéanfar amach anseo ar fud OÉ Gaillimh.

## Sruth Oibre Comhionannais Inscne

Bíonn ionchur ó thrí ghrúpa oibre i gceist leis an sruth oibre seo:

- SAT Institiúideach Athena SWAN
- An Grúpa Oibre do Chur i bhFeidhm an Chreata Toilithe
- An Grúpa Oibre do Chur i bhFeidhm na Straitéis EDI

Is é a bheidh sa chlár oibre lárnach forbairt agus cur i bhfeidhm an tríú GEAP do OÉ Gaillimh, na gnéithe seo a leanas san áireamh:

- Plean Gníomhaíochta Athena SWAN (2021)
- An Plean Gníomhaíochta maidir leis an gCreat Toilithe
- Gnéithe inscne an Phlean Feidhmiúcháin do Straitéis EDI

## Sruth Oibre an Champais Idirchultúrtha

D'aithin an grúpa oibre ceithre phríomhthéama a ndíreoidh sé orthu le linn na bliana atá amach romhainn:

- Ciníochas
- An deighilt a bhaineann le taithí na mac léinn idirnáisiúnta
- Tacaíocht agus taithí na foirne idirnáisiúnta
- Coinneáil mac léinn idirnáisiúnta

## Sruth Oibre don Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht

Is éard a bheidh i gceist le dul chun cinn na hoibre faoin sruth oibre seo don Bhliain Acadúil 2021/22:

- An Grúpa Oibre don Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht a bhunú
- Tús a chur le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta 3 bliana don Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht

## Sruth Oibre an Phlean Feidhmiúcháin do Straitéis EDI

Monatóireacht, cur i bhfeidhm agus tuairisciú ar dhul chun cinn an Phlean Feidhmiúcháin do Straitéis EDI.



Roinnt ball den EDICC ag cruinniú i mí Aibreáin 2021





OÉ Gaillimh  
NUI Galway

# Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tuarascáil Bhliantúil 2020/21

Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta  
OÉ Gaillimh  
Bóthar na hOllscoile  
Gaillimh

R-phost: [VPEqualityandDiversity@nuigalway.ie](mailto:VPEqualityandDiversity@nuigalway.ie)